Is é an aidhm atá leis an gCód tacú le cuspóirí an Achta um Shaoráil Faisnéise a bhaint amach agus tá roinnt cuspóirí inmholta ag gabháil leis, lena n-áirítear an dea-chleachtas i ndáil le Saoráil Faisnéise a fheidhmiú a chur chun cinn i gcomhlachtaí poiblí agus feidhmíocht comhlachtaí poiblí a threorú, agus eolas a thabhairt don fheidhmíocht sin, i ndáil leis na freagrachtaí atá orthu faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Chóid agus creidim go mbeidh sé ina acmhainn an-luachmhar do chomhlachtaí poiblí agus iad ag iarraidh déileáil go héifeachtach agus go héifeachtúil le hiarrataí Saoráil Faisnéise.

Ba cheart dom a rá go bhfuil an Oifig seo i mbun tacaí breise a fhorbairt do chomhlachtaí poiblí freisin. Mar shampla, beartaítear go mbeidh sraith nótaí treorach, atá á gcur le chéile faoi láthair, ar fáil go poiblí ar shuíomh Gréasáin na hOifige seo www.oic.gov.ie faoi dheireadh na bliana. Leagfar amach go cuimsitheach sna nótaí treorach sin an dóigh a ndéanann an Oifig seo na díolúintí éagsúla san Acht nua a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Táim ag súil go bhfreastalóidh siad go maith ar chomhlachtaí poiblí agus forálacha an Achta nua á gcur i bhfeidhm acu.

Sa Tuarascáil seo, déanaim trácht ar roinnt saincheistanna a tháinig chun cinn le linn 2014 agus tarraingim aird ar roinnt cásanna móra ar dhéileáil an Oifige seo leo. I gCuid II, tuairiscím ar an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil.

Peter Tyndall
An Coimisinéir Faisnéise
An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Bhí an-áthas orm go ndearnadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 a rith mar dhlí i mí Dheireadh Fómhair 2014. Sa Tuarascáil Bhliantúil uaithi do 2011, thuairiscigh an Coimisinéir roimhe go raibh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag obair ar na socruithe a bhí riachtanach chun éifeacht a thabhairt do na gealltanais a tugadh i gClár an Rialtais ó thaobh Saoráil Faisnéise de. Bhí méid suntasach iarrachta agus obair ullmhúcháin ag teastáil chun rud a measaim gur píosa cuimsitheach reachtaíochta é a fhorbairt agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair an Aire Caiteachais Phoiblí maidir leis an reachtaíocht a thabhairt chun críche go rathúil. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl as an rannpháirtíocht dhearfach a bhí ann idir an Roinn agus an Oifig seo agus an reachtaíocht nua á dréachtú.

Áirítear leis an Acht nua roinnt feabhsuithe maithe ar an gcóras Saoráil Faisnéise, lena n-áirítear foráil go bhfuil feidhm ag Saoráil Faisnéise maidir le gach comhlacht poiblí ach amháin sa chás go bhfuil siad díolmhaithe go sonrach. Fágann sé sin gur faoi raon feidhme na reachtaíochta anois atá roinnt comhlachtaí poiblí a bhí díolmhaithe roimhe seo ó Shaoráil Faisnéise. Tá comhlachtaí amhail an Garda Síochána, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) agus an Banc Ceannais ar áireamh anois. Tá an Oifig seo ag iarraidh le roinnt blianta anuas go leathnófar Saoráil Faisnéise chuig comhlachtaí den sórt sin. Foráiltear leis an Acht freisin go mbeidh feidhm aige amach anseo maidir le comhlachtaí neamhphoiblí a fhaigheann maoiniú suntasach ón Státchiste agus táim ag súil le forbairtí ina leith sin. Chomh maith leis sin, beidh comhlacht poiblí nua go huathoibríoch faoi réir fhorálacha an Achta a luaithe a bheidh sé ar bun. Mar sin féin, féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh chun comhlachtaí áirithe a eisiáimh go sonrach ina n-iomláine nó i bpáirt.

Faoi mar ab amhlaidh i gcás an Achta roimhe, is é cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 a chinntiú go bhfuil faisnéis oifigiúil ar fáil do shaoránaigh a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta. D'fhonn an cuspóir sin a chur ar aghaidh, tugtar isteach leis an Acht príomhphrionsabail a threoróidh comhlachtaí poiblí agus a gcuid feidhmeanna faoin reachtaíocht nua á gcomhlíonadh acu trí cheangal a chur orthu aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas

- an gá atá le tuilleadh oscailteachta a bhaint amach maidir le gníomhaíochtaí de chuid comhlachtaí Saoráil Faisnéise agus cloí le prionsabal na trédhearcachta i ngnóthaí rialtais agus poiblí a chur chun cinn i measc comhlachtaí Saoráil Faisnéise,
- an gá atá le cuntasacht comhlachtaí Saoráil Faisnéise a neartú agus le feabhas a chur ar chaighdeán a mbreitheanna, agus
- an gá atá le heolas a thabhairt do scrúdú, do phlé, do thrácht agus d'athbhreithniú ag an bpobal maidir le gníomhaíochtaí de chuid comhlachtaí Saoráil Faisnéise agus rannpháirtíocht níos éifeachtaí a éascú i gcomhairliúcháin a bhaineann le ról, le freagrachtaí agus le feidhmíocht comhlachtaí Saoráil Faisnéise.

Rinneadh roinnt leasuithe suntasacha ar an gcóras um tháillí Saoráil Faisnéise. Tá áthas ar leith orm gur cuireadh deireadh leis an gceanglas atá ann táille a íoc as iarraidh a dhéanamh agus go ndearnadh laghdú suntasach ar an táille is iníoctha i leith iarratas a dhéantar chuig an Oifig seo ar athbhreithniú ar bhreitheanna de chuid comhlachtaí Saoráil Faisnéise. Bhí na táillí is infheidhme i leith costais chuardaigh agus aisghabhála faoi réir ollchóiriú suntasach freisin. Foráiltear leis an Acht nua nach ngearrfar táillí ach amháin sa chás gur mó ná 5 uair an chloig an t-am a chaitear ar fhreagra a ullmhú ar iarraidh. I gcásanna den sórt sin, cuirfear uasteorainn €500 leis an táille.

Baineann tionscnamh suntasach eile san Acht nua leis an gceanglas atá ar chomhlachtaí Saoráil Faisnéise scéimeanna foilsithe ina leagfar amach ról, freagrachtaí agus gníomhaíochtaí an chomhlachta a ullmhú. Ceanglaítear leis an scéim foilsithe go bhfoilseofar leibhéal faisnéise níos mine ná an leibhéal faisnéise a ceanglaíodh faoin Acht roimhe.

Gabhann dúshlán ar leith don Oifig seo le tabhairt isteach an Achta nua. Foráiltear le forálacha idirthréimhseacha an Achta gur faoi Achtanna 1997 agus 2003 a leanfar ar aghaidh le haon ghníomh a tosaíodh faoi Acht 1997 ach nach bhfuil críochnaithe roimh thosach feidhme an Achta nua. Dá bhrí sin, ní mór don Oifig seo forálacha Acht 1997 a leanúint agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar aon iarraidh Saoráil Faisnéise a cuireadh faoi bhráid comhlacht Saoráil Faisnéise roimh an 14 Deireadh Fómhair 2014. Mar thoradh air sin, beidh an Oifig seo ag obair faoi dhá chóras reachtacha ar leith go ceann i bhfad. Glacaim leis, áfach, gurb é sin an réiteach is praiticiúla maidir le próiseáil a dhéanamh ar iarratais a cuireadh isteach roimh rith an Achta nua agus tá muinín agam go n-éireoidh leis an bhfoireann an dúshlán lena mbaineann a sháru gan cur isteach míchuí ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin ar tháirgiúlacht a mhéadú.

Athbhreithniú Eagrúcháin

Faoi mar a luaigh mé sa Réamhrá, chuir an Oifig seo próiseas athchóirithe i gcrích le linn na bliana 2014. Ag teacht sna sála ar an bpróiseas sin, tugadh struchtúir agus próisis oibre athbhreithnithe Oifige isteach i mí Iúil. Go bunúsach, cuireadh foireann bheag ar bun chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar struchtúir agus ar phróisis na hOifige seo d'fhonn a chinneadh cé na hathruithe, dá mba ann dóibh, a d'fhéadfaí a dhéanamh chun táirgiúlacht a mhéadú.

Mar chéad chéim sa phróiseas, thug an fhoireann faoi chuairteanna faisnéise ar Oifigí an Choimisinéara Faisnéise sa Ríocht Aontaithe agus in Albain. Bhí na cuairteanna sin an-úsáideach maidir le feabhsuithe féideartha a shainnaint, beag beann ar an bhfíric go raibh difríochtaí móra ann idir an córas a bhí i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Albain agus córas Saoráil Faisnéise na hÉireann. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na nOifigí sin as an rannchuidiú fíorluachmhar a rinne siad agus as an spreagadh agus as an tacaíocht a thug siad.

Mar chéad chéim eile sa phróiseas, rinne an fhoireann grinnanailís ar chásanna dúnta chun a chinneadh cé na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na próisis. Tar éis athbhreithniú

cuimsitheach a dhéanamh ar struchtúir agus ar phróisis reatha, rinneadh sraith athruithe a mholadh agus a chomhaontú. Ceann de na hathruithe ba bhunúsáí a moladh ba ea Aonad Measúnachta a bhunú, rud a bheadh freagrach as sainathint agus as próiseáil a dhéanamh ar iarratais nuaghlactha ar athbhreithniú a meastar gur féidir iad a réiteach go tapa. Tá an-ghealladh faoi na torthaí tosaigh atá bainte amach ag an tionscnamh cheana féin. De na cásanna uile ar dhún an tAonad Measúnachta iad sa bhliain 2014, dúnadh 60% laistigh de cheithre mhí.

Bhain tionscnamh eile leis an gcur chuige a ghlacann an Oifig seo i leith athbhreithnithe. Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, cuirtear dualgas ar chomhlachtaí Saoráil Faisnéise mé a shásamh go raibh údar le breith diúltú géilleadh d'iarraidh ar rochtain ar thaifid. Go bunúsach, trí dheis a thabhairt do chomhlacht aighneachtaí a dhéanamh le linn an athbhreithnithe, tá tríú deis ag an gcomhlacht sin a sheasamh a bhreithniú, tar éis dó deis a fháil déanamh amhlaidh ag na céimeanna tosaigh agus inmheánacha den athbhreithniú ar bhreith. Shainaithe an fhoireann próiseas gurbh ann d'ócáidí ina raibh an fhoireann i mbun díospóireacht fhada ar na cúiseanna gur dhiúltaigh comhlachtaí poiblí d'iarraí. Ina lán cásanna, chuir an fhoireann réamhthuairimí faoi bhráid na gcomhlachtaí, rud a thug deis eile dóibh argóintí níos mine a chur i láthair maidir leis na cúiseanna le diúltú d'iarraidh. Faoi bpróiseas athbhreithnithe, cuirtear in iúl do chomhlachtaí Saoráil Faisnéise gur cheart dóibh féachaint ar an deis le haighneacht a dhéanamh mar dheis deiridh chun údar a thabhairt leis an mbreith lena mbaineann.

Roimh chur i bhfeidhm na bpróiseas oibre athbhreithnithe, ar dóigh go ndéanfadh roinnt díobh difear don dóigh a bhfreagraíonn comhlachtaí ar ár n-iarraí ar fhaisnéis, thionóil an Oifig seo seisiún faisnéise do na comhlachtaí sin a phléann le líon suntasach iarrataí Saoráil Faisnéise. Thug an seisiún faisnéise sin deis don Oifig seo an réasúnaíocht taobh thiar de na hathruithe a mhíniú agus thug sé deis do na comhlachtaí lena mbaineann aon ábhair imní nó aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht as na hathruithe a chur in iúl.

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh ardleibhéal comhlíonta i measc fhormhór mór na gcomhlachtaí poiblí maidir le ceanglais na bpróiseas nua. Cé go bhfuil an dea-chleachtas á leanúint le fada ag cuid mhaith comhlachtaí poiblí agus iad ag déileáil le hiarrthóirí, cuirim fáilte roimh an leibhéal athnuaite rannpháirtíochta i measc a lán comhlachtaí eile. Chomh maith leis sin, thug mé faoi deara gur tháinig feabhas ar an am a thógann sé ar chomhlachtaí poiblí freagra a thabhairt ar iarrataí ón Oifig seo. Cabhraíonn an méid sin go mór leis an bhfoireann agus iarratais ar athbhreithniú á bpróiseáil acu. Cabhraíonn sé le tréachur na gcásanna a luathú freisin.

Ba cheart dom a rá nárbh é sin an deireadh leis an athbhreithniú eagrúcháin. Tá sé beartaithe ag an Oifig seo athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir agus ar na próisis oibre athbhreithnithe níos déanaí i mbliana chun a chinneadh cé acu a leanann nó nach leanann siad de bheith ar an rogha is fearr chun táirgiúlacht a bharrfheabhsú. Tá áthas orm a thabhairt faoi deara, áfach, gur ábhar misnigh é an méid atá bainte amach go dtí seo.


Fógraí reachtúla a eisíodh do chomhlachtaí poiblí

Fógraí a eisíodh faoi alt 37 den Acht um Shaoráil Faisnéise

Faoi alt 37 den Acht um Shaoráil Faisnéise, féadfaidh mé a cheangal ar chomhlacht poiblí aon fhaisnéis atá ina sheilbh nó faoina rialú agus a mheasaim a bheith iomchuí chun críocha athbhreithniú a chur ar fáil dom. Is é alt 45 an fhoráil choibhéiseach in Acht 2014. Tugaim tuairisc gach bliain ar líon na bhfógraí reachtúla a eisíodh faoi alt 37.

Is maith agam an leibhéal suntasach comhair a fhaightear ó thromlach mór na gcomhlachtaí poiblí agus freagra á thabhairt acu ar iarraí ar fhaisnéis ón Oifig seo. Cé gur féidir leis an gceist maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart fógra reachtúil a eisiúint teacht chun cinn tráth ar bith le linn athbhreithniú i gcásanna ina dteipeann ar chomhlacht Saoráil Faisnéise freagra a thabhairt ar iarraidh ón bhfoireann ar fhaisnéis ábhartha, is minic a réitítear é sin le glao teileafóin nó le ríomhphost idir an fhoireann agus an tOifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise lena mbaineann. Léiríonn sé sin go soiléir gur féidir cur chuige foirmiúil an fhógra reachtúil a sheachaint ach bealaí cuí cumarsáide neamhfoirmiúla a choinneáil ar bun. Mar sin féin, ní leor teagmháil neamhfoirmiúil leantach i gcásanna áirithe.

Tá díomá orm a thuairisciú gur sheirbheáil an Oifig seo naoi bhfógra reachtúla ar chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2014. Cé gur beag atá an líon sin i gcoibhneas leis an gcomhpháirtíocht a bhí ann idir an Oifig seo agus comhlachtaí poiblí, tá imní orm a thuairisciú gurb ann do phatrún comhsheasmhach neamh-chomhlíonta i roinnt comhlachtaí poiblí i dtaca leis na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.



Ba iad seo a leanas na comhlachtaí poiblí a fuair fógraí alt 37 sa bhliain 2014: Bord na gCon (trí fhógra), an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (dhá fhógra), Comhairle Contae Chorcaí (fógra amháin), Comhairle Contae Thiobraid Árann (fógra amháin), an Roinn DLí agus Cirt agus Comhionannais (fógra amháin) agus an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais (fógra amháin).

Is ábhar imní é go ndearna ceithre cinn de na comhlachtaí ar seirbheáladh fógraí alt 37 orthu sa bhliain 2014 fógraí den chineál céanna a fháil sa bhliain 2013 freisin. Ba iad sin, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Comhairle Contae Chorcaí agus Bord na gCon. Mar a tharla, luadh sa Tuarascáil Bhliantúil do 2012 go bhfuair an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais fógraí alt 37 an bhliain sin freisin.

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)

I gcás UCD, d'iarr an Oifig seo rochtain ar thaifid a bhain le dhá iarratas ar leith ar athbhreithniú i mí na Nollag 2013. Toisc nár cuireadh na taifid sin ar fáil, rinne an Oifig seo dhá fhógra faoi alt 37 a eisiúint d'Uachtarán UCD agus d'iarr sí go gcuirfí na taifid don dá athbhreithniú ar aghaidh chuici faoin 25 Feabhra 2014.

Admhaíodh na litreacha fógra ach ní bhfuarthas ceachtar sraith de na taifid. Ina dhiaidh sin, scríobh Ard-Stiúrthóir na hOifige seo chuig Uachtarán UCD arís an 28 Márta 2014 agus cuireadh na taifid isteach ar deireadh go luath i mí Aibreáin.

An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais

Luaigh mé sa Tuarascáil Bhliantúil uaim do 2013 gur bhuaill an fhoireann leis an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais le linn na bliana 2013 chun plé a dhéanamh ar shaincheistanna a bhain leis an dóigh a raibh iarrataí Saoráil Faisnéise á bpróiseáil aici. Luaigh mé freisin gur leag an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais bearta réamhghníomhacha amach chun a chinntiú go dtarraingeofaí aird ar mhoilleanna ionchasacha agus go ndéileálfá leo a luaithe ab fhéidir. Mar sin, is mórchúis frustrachais é a fháil amach go raibh fógra alt 37 ag teastáil arís eile le linn na bliana 2014. Go deimhin, mar a phléifidh mé thíos, fuair an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais fógra a seirbheáladh faoi alt 35 freisin, rud arbh é an chéad fhógra den sórt sin a bhí eisithe ag an Oifig seo ón mbliain 2004.

Comhairle Contae Chorcaí

Thug an Oifig seo samplaí droch-chleachtais ar thaobh Chomhairle Contae Chorcaí faoi deara maidir le roinnt iarrataí Saoráil Faisnéise a phróiseáil agus maidir leis an dóigh ar dhéileáil sí leis an Oifig seo. I gcás amháin, níor chuir an Chomhairle na taifid bhreithe ná na taifid ábhair ar fáil don Oifig seo ar bhealach tráthúil. Sa chás céanna, chinn an Oifig seo fógra alt 37 a eisiúint i mí Aibreáin 2014 tar éis iarracht neamhrathúil eile a dhéanamh tuilleadh faisnéise a measadh a bheith iomchuí maidir leis an athbhreithniú a fháil. D'admhaigh an Chomhairle go bhfuarthas an fógra agus, seachtain amháin ina dhiaidh sin, fuarthas admháil eile inar míníodh nach raibh foireann na Comhairle ach tar éis tús a chur leis an ábhar a bhreithniú. Ba é sin seacht seachtaine tar éis an chéad iarraidh ar fhaisnéis a eisiúint. Fuair an Oifig freagra ar an iarraidh ar deireadh trí mhí tar éis an iarraidh a dhéanamh.

Is eol dom cásanna eile inar theip ar an gComhairle cloí le creataí ama reachtúla le linn di iarrataí Saoráil Faisnéise a phróiseáil. Cé nár eisíodh fógraí alt 37 sna cásanna sin, feictear

dom go bhfuil fadhbanna bunúsacha ann leis an aire a thugann an Chomhairle ar an gcóras Saoráil Faisnéise. Is feidhm reachtúil í Saoráil Faisnéise a riar agus ba cheart déileáil léi mar a dhéileáiltear le gach feidhm reachtúil eile. Go deimhin, is fiú a thabhairt faoi deara go gcuirtear síos ar Shaoráil Faisnéise mar "...croífheidhm na hoibre a dhéanann comhlachtaí poiblí" [aistriúchán neamhoifigiúil] sa Chód Cleachtais arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé beartaithe agam iarraidh ar an bhfoireann cuairt a thabhairt ar Oifigí na Comhairle le linn na bliana chun plé a dhéanamh ar an dóigh a riarann sí an próiseas Saoráil Faisnéise.

Bord na gCon

Cé go gceanglaítear le halt 37(1) ar chomhlachtaí poiblí taifid nó faisnéis iomchuí a chur faoi mo bhráid, tugtar le 37(2) d'Acht 1997 de chumhacht dom dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag comhlacht poiblí agus a cheangal go gcuirfear aon fhaisnéis nó taifid iomchuí ar fáil dom.

Cé go raibh an Coimisinéir roimhe ar tí leas a bhaint as na cumhachtaí a bhí aici faoi alt 37(2) uair amháin agus í san Oifig, níor ghá don Oifig seo dul isteach in aon áitreabh riamh chun críocha athbhreithniú. Mar sin féin, tá orm a thuairisciú nach raibh an dara rogha agam i mbliana ach leas a bhaint as na cumhachtaí sin den chéad uair. Ina dhiaidh sin, rinne mé freagracht a tharmligean go foirmiúil chuig beirt bhall den fhoireann dul isteach in áitreabh Bhord na gCon chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhí ina hábhar arís agus arís eile d'iarrataí ón Oifig seo.

Bhí moill shuntasach ann ar thaifid a fháil ó Bhord na gCon ó thús an athbhreithnithe, rud a d'fhág nach rabhtas in ann scrúdú tosaigh a dhéanamh. Mar a tharla, thóg sé breis agus sé mhí, agus iarracht shuntasach ar thaobh na foirne, sula bhfuair an Oifig seo sraith taifead agus sceideal gaolmhar a bhí curtha i láthair i gceart. Ceapadh imscrúdaitheoir ón Oifig seo chun an t-ábhar a scrúdú. Tarraingíodh aird ar roinnt saincheisteanna i scrúdú tosaigh an imscrúdaitheora ar an gcás seo agus in athbhreithniú eile a bhain le Bord na gCon. I measc na saincheisteanna sin, bhí moilleanna ar thaobh Bhord na gCon ar dhéileáil le hiarrataí, mainneachtain taifid a chur ar fáil don Oifig seo, drochbhreitheanna agus drochláimhseáil cásanna agus mainneachtain cloí le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Le linn an athbhreithnithe, thug an t-imscrúdaitheoir faoi deara freisin gur cheap Bord na gCon triúr ball foirne dá chuid chun gníomhú mar oifigeach um Shaoráil Faisnéise agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifig seo ag céimeanna éagsúla. Bhí sé soiléir nach raibh aon aistriú soiléir freagrachtaí ná malartú soiléir faisnéise ann idir na hoifigigh um Shaoráil Faisnéise agus táim cinnte gur chuir sé sin leis an moill a bhí ar an bpróiseas athbhreithnithe. Ina theannta sin, bhí sé soiléir sna taifid a chuir Bord na gCon ar fáil nár shainithin sé an fhaisnéis ná na taifid iomchuí ar fad a tháinig faoi raon feidhme na hiarrata bunaidh Saoráil Faisnéise ón iarratasóir.

Bhí méid suntasach comhfhreagrais ann sa chás seo, agus é i bhfoirm ríomhphost, litreacha agus cruinnithe pearsanta. Taifeadtar sa chomhfhreagrais ar fad, a seoladh ó mhí an Mhárta

go mí Mheán Fómhair 2014, na hiarrachtaí a rinne an t-imscrúdaitheoir freagra sásúil a fháil ó Bhord na gCon chun go mbeifí in ann imscrúdú ceart a dhéanamh ar an ábhar. Ag deireadh mhí Lúnasa 2014, rinne Príomhfheidhmeannach Bhord na gCon teagmháil leis an Oifig seo agus labhair sé féin leis an imscrúdaitheoir ar roinnt ócáidí ar mhaithe le teacht ar réiteach sásúil ar an bhfadhb. In ainneoin idirghabháil an Phríomhfheidhmeannaigh, tháinig mé ar an gconclúid gurbh é an bealach ab éifeachtaí chun an t-ábhar a chur ar aghaidh ná fógra a eisiúint faoi alt 37(2) toisc nár éirigh le fógra roimhe sin faoi alt 37(1). Scríobh an Oifig seo chuig an bPríomhfheidhmeannach an 8 Meán Fómhair 2014 chun socruithe a dhéanamh do chuairt ón bhfoireann ar oifigí Bhord na gCon i Luimneach. Tugadh an chuairt sin, mar a bhí socraithe agus le comhar ó Bhord na gCon, an 25 Meán Fómhair 2014 de réir fhorálacha alt 37(2).

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuair an Oifig seo an t-iarratas ar athbhreithniú ar dtús i mí Iúil 2012. Níl an t-athbhreithniú sin críochnaithe go fóill agus é seo á scríobh. Dá bhrí sin, níl in ann trácht a dhéanamh ar thoradh an athbhreithnithe ag an am seo. Mar sin féin, léiríonn na himeachtaí sin cé chomh tábhachtach is atá sé go gcinnteoidh comhlachtaí poiblí go bhfuil struchtúir, tacaí agus acmhainní éifeachtacha i bhfeidhm acu chun tacú le Saoráil Faisnéise a chur chun feidhme. Go deimhin, is é is aidhm don Chód Cleachtais arna fhoilsiú ag an Láraonad Beartais cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí poiblí an cuspóir sin a bhaint amach. Tugaim faoi deara freisin go gceanglaítear le halt 48(3) d'Acht 2014 go dtabharfaidh comhlachtaí Saoráil Faisnéise aird ar an gCód Cleachtais agus na feidhmeanna atá acu faoin Acht á gcomhlíonadh acu.

Rinneadh dhá fhógra eile faoi alt 37 a eisiúint do Bhord na gCon le linn na bliana 2014 in athbhreithnithe ar leith a bhain leis an iarrthóir céanna.

Alt 35

Sa chás go measaim nach leor na cúiseanna atá tugtha ag comhlacht poiblí chun tacú le breith, tugtar de chumhacht dom le halt 35 ordú do cheann an chomhlachta poiblí lena mbaineann ráiteas níos cuimsithí a eisiúint ar na cúiseanna a bhí aige leis an mbreith.

In athbhreithniú a rinne an Oifig seo ar an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, thug mé faoi deara nár eisigh sé breith thosaigh de bhun iarrata ar thaifid áirithe a fuarthas. Tar éis iarratas ar athbhreithniú inmheánach a fháil ón iarrthóir, eisíodh freagra an 24 Deireadh Fómhair 2013, rud ar glacadh leis mar bhreith athbhreithnithe inmheánaigh. Foráiltear le halt 14(5)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise go sonrúfar san fhógra faoi bhreith ar athbhreithniú inmheánach más breith í géilleadh, go hiomlán nó go páirteach, don iarraidh,

- na cúiseanna leis an diúltú,
- sonraí faoi aon fhorálacha den Acht um Shaoráil Faisnéise ar diúltaíodh don iarraidh dá mbun,
- na fionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbreith, agus
- sonraí faoi aon ábhar a bhaineann le leas an phobail a cuireadh san áireamh chun críochna na breithe.


Bhí an Oifig seo den tuairim nár pléadh go cuí leis an iarraidh sa fhreagra a eisíodh don iarrthóir agus nár chomhlíon an freagra na riachtanais shonraithe a bhaineann le breith imleor athbhreithnithe inmheánaigh.

Sna himthosca sin, d'eisigh an Oifig seo fógra foirmiúil alt 35 lenar ordáíodh don Ospidéal Náisiúnta Máithreachais ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna go raibh rochtain á diúltú ar na taifid a iarradh agus maidir leis na fionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha a bhain leis an mbreith a chur faoi bhráid an iarrthóra agus na hOifige seo. Cé go bhfuil díomá orm gur ghá fógra den sórt sin a eisiúint, cuireann sé tuilleadh díomá orm go raibh orm fógra alt 37 a eisiúint i ndáil leis an gcás céanna.

Príomhstaitisticí Saoráil Faisnéise don bhliain

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí a rinne gach ceann de na príomhghníomhaireachtaí a bhailíonn staitisticí lena gcuimsiú sa Tuarascáil Bhliantúil. Is féidir amharc ar na cairteacha sa rannán seo den Tuarascáil i gcomhar leis na táblaí staitisticí i gCaibidil 4 agus le táblaí eile i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag www.oic.ie.


Líon na n-iarrataí Saoráil Faisnéise chuig comhlachtaí poiblí 2005-2014



Fuair comhlachtaí poiblí 20,244 iarraidh san iomlán sa bhliain 2014. B'ionann é sin agus méadú de bheagnach 7% ar an bhfigiúr don bhliain 2013. Dá réir sin, cé gur tháinig méadú de bheagnach 6% ar líon na n-iarrataí a phróiseáil comhlachtaí poiblí freisin, ba go 4,214 iarraidh (ó 3,232 iarraidh ag deireadh na bliana 2013) a mhéadaigh líon na n-iarrataí a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2014. Go deimhin, b'ionann líon na n-iarrataí a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2014 agus méadú de bheagnach 71% ar an líon a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2012. Mholfainn do chomhlachtaí poiblí monatóireacht chúramach a dhéanamh ar a rátaí

próiseála chun a chinntiú go gcuirtear go leor acmhainní ar fáil chun líon na n-iarrataí a fhaightear a bhainistiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach.

Miondealú de réir earnála ar iarrataí Saoráil Faisnéise a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí



Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, bhí Ranna Rialtais/Comhlachtaí Stáit agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freagrach as níos mó ná dhá dtrian de na hiarrataí Saoráil Faisnéise uile a fuarthas sa bhliain. Ar aon dul lenar tharla i mblianta roimhe freisin, ba í FSS an comhlacht poiblí a fuair an líon ba mhó iarrataí sa bhliain.

Bhí méadú suntasach ann ar líon na n-iarrataí a rinneadh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2014 (920 iarraidh sa bhliain 2014 i gcomparáid le 550 iarraidh sa bhliain 2013). Ní eol dom aon tosca ar leith a chuir le méadú chomh mór sin, cé go dtugaim faoi deara gur le rochtain ar fhaisnéis phearsanta a bhain tromlach na n-iarrataí - Féach tábla 6, Caibidil 4.


I measc na gcomhlachtaí eile ina raibh méadú suntasach ar líon na n-iarrataí a fuarthas (cé gur beag a bhí an líon sin), bhí Roinn an Taoisigh (173 iarraidh sa bhliain 2014 i gcomparáid le 91 iarraidh sa bhliain 2013), an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (180 iarraidh sa bhliain 2014 i gcomparáid le 98 iarraidh sa bhliain 2013) agus Óglaigh na hÉireann (224 iarraidh sa bhliain 2014 i gcomparáid le 150 sa bhliain 2013).

Na deich gcomhlacht a fuair an líon ba mhó iarrataí le linn na bliana 2014

Áit	Comhlacht Poiblí	2014	2013	2012
1	FSS - An Deisceart	3,074	3,085	3,036
2	FSS - An tIarthar	2,407	2,572	2,429
3	An Roinn Coimirce Sóisialaí	2,193	2,148	1,686
4	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	920	550	594
5	FSS - Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart	864	941	912
6	FSS - Baile Átha Cliath - Laighin Láir	794	919	830
7	Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh	715	698	614
8	Ospidéal San Séamas	501	488	469
9	Ospidéal Thamhlachta	409	264	257
10	FSS - Náisiúnta	327	292	262


Is ionann FSS agus ospidéal agus ocht gcinn de na deich gcomhlacht poiblí a fuair an líon ba mhó iarrataí Saoráil Faisnéise sa bhliain 2014. Bhí méadú suntasach (55%) ann ar líon na n-iarrataí a rinneadh chuig Ospidéal Thamhlachta sa bhliain 2014 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013.

An cineál iarrthóra chuig comhlachtaí poiblí



I gcomparáid leis an miondealú ar na cineálacha iarrthóra sa bhliain 2013, bhí na céatadán i mbliana réasúnta statach. Mar sin féin, bhí méaduithe beaga céatadánacha i gcion na n-iriseoirí agus na ndaoine eile, agus laghdú beag ann i gcéatadán na gcliant de chuid comhlachtaí poiblí.


An cineál iarrata a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí



Tá na céatadáin do na cineálacha iarrata atá ar taispeáint sa chart thuas a bheag nó a mhór gan athrú le ceithre bliana anuas. Beidh sé spéisiúil a thabhairt faoi deara cén tionchar, más ann dó, a bheidh ag athruithe sa struchtúr táille a luadh ní ba luaithe ar líon na n-iarrataí a dhéanfar sa bhliain 2015 ar rochtain ar fhaisnéis neamhphearsanta nó mheasctha.

Rátaí eisiúna ag comhlachtaí poiblí

- Iarrataí a tarraingíodh siar 4%
- Iarrataí ar láimhseáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise 3%
- Iarrataí ar géilleadh dóibh go hiomlán 62%
- Iarrataí ar géilleadh dóibh go páirteach 19%
- Iarrataí ar diúltaíodh dóibh 10%
- Iarrataí a aistríodh 2%




Tá miondealú níos mionsonraithe ar rátaí eisiúna le fáil i dtábla 5, Caibidil 4. Tá céatadán na n-iarrataí ar diúltaíodh dóibh réasúnta statach le cúpla bliain anuas.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur géilleadh go hiomlán nó go páirteach do bhreis agus 80% de na iarrataí Saoráil Faisnéise. Ba ag Údaráis Áitiúla a bhí an céatadán ab airde de dhiúltuithe, agus é cothrom le 14%. Ba é sin an ráta céatadánach don bhliain 2013 freisin.

Cás-ualach Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF)

Féadfaidh iarrthóir nach bhfuil sásta leis an mbreith a thug comhlacht poiblí ar iarraidh Saoráil Faisnéise iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú chuig an Oifig seo. Nuair a thugtar breith tar éis athbhreithniú ag an Oifig seo, tá sí ceangailteach le dlí agus ní fhéadfar achomharc a dhéanamh uirthi chun na hArd-Chúirte ach ar phoncanna dlí amháin.


Iarratais a rinneadh chuig OCF 2012-2014



Sa bhliain 2014, tháinig méadú 6% ar líon na n-iarratas a rinneadh chuig an Oifig seo i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013. Tá líon iarbhir na n-iarratas ar glacadh leo lena n-athbhreithniú cosúil leis an bhfigiúr don bhliain 2013.


Tháinig an difríocht idir líon na n-iarratas a fuarthas agus líon na n-iarratas ar glacadh leo chun cinn go príomha mar gheall ar iarratais a bheith sainaitheanta ag an Oifig seo mar iarratais neamhbhailí nó réamhaibí (agus iad curtha isteach sula raibh an próiseas iomlán Saoráil Faisnéise curtha i gcrích ag an gcomhlacht poiblí) nó mar gheall gur tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas siar ag luathchéim sular glacadh leis.

Ábhar na n-iarratas ar athbhreithniú ar ghlac OCF leo



Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, bhain tromlach na n-iarratas ar ghlac an Oifig seo leo sa bhliain 2014 le diúltú ag comhlachtaí poiblí géilleadh do rochtain (taifid a eisiúint) ar chuid den fhaisnéis a iarradh nó ar an bhfaisnéis ar fad a iarradh.

Iarratais ar ghlac OCF leo de réir cineáil 2012 – 2014



Toradh ar athbhreithnithe OCF sa bhliain 2014

- Daingníodh an bhreith 45%
- Neamhnaíodh an bhreith 5%
- Athraíodh an bhreith 9%
- Scoireadh den bhreith 6%
- Socraíodh an bhreith 22%
- Iarrataí a tarraingíodh siar 13%




Sa bhliain 2014, rinne an Oifig seo athbhreithniú ar bhreitheanna de chuid comhlachtaí poiblí i 340 cás. B'ionann é sin agus méadú 31% ar an 258 breith a ndearnadh athbhreithniú orthu sa bhliain 2013.

Iarratais a socraíodh agus iarratais a tarraingíodh siar

D'fhéadfaí iarratais a shocrú nó a tharraingt siar, nó d'fhéadfaí scor díobh, tar éis díospóireachta idir an t-iarratasóir, an comhlacht poiblí agus foireann na hOifige seo. Is minic a tharraingítear iarratais siar mar thoradh ar idirghabháil ón Oifig seo agus ar mhíniú níos mionsonraithe ar bhreith a bheith á thabhairt ag an gcomhlacht poiblí lena mbaineann don iarratasóir. Is minic a shocraítear iarratais mar thoradh ar fhaisnéis bhreise a bheith á heisiúint ag an gcomhlacht poiblí le linn athbhreithnithe.


Scoir an Oifig seo de roinnt cásanna sa bhliain toisc gur measadh gur iarratais chráiteacha nó iarratais shuaibhreasacha a bhí sna hiarratais lena mbaineann. Déanfaidh mé plé níos mine ar chásanna den sórt sin i gCaibidil 2.

Aoisphróifíl na gcásanna a dhún OCF



Léirítear sa tábla seo cé chomh fada is a thóg sé ar an Oifig seo athbhreithniú a chríochnú. Tá áthas orm go raibh an Oifig seo in ann méadú 7% ar an bhfigiúr don bhliain 2013 a thuirisciú i líon na gcásanna a dúnadh laistigh de thréimhse ceithre mhí.


Aoisphróifíl na gcásanna a bhí idir lámha in OCF ag deireadh na bliana 2014



Ag deireadh na bliana 2013, bhí 72 cás a bhí ar bun le breis agus 1 bhliain idir lámha ag an Oifig seo. Tá áthas orm a thuirisciú anseo nach raibh ach naoi gcás den sórt sin idir lámha ag deireadh na bliana 2014 agus go raibh roinnt díobh sin ar oscailt go fóill ar chúiseanna nach raibh an Oifig seo neart orthu. Tháinig sé sin as tionscnamh ar leith a thug mé isteach, agus é mar aidhm leis gan aon chás a bhí ar bun le breis agus aon bhliain a bheith idir lámha ag deireadh na bliana.

Miondealú de réir comhlacht poiblí ar iarratais ar athbhreithniú ar ghlac OCF leo


- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – 62
- An Roinn Coimirce Sóisialaí – 23
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – 18
- Óglaigh na hÉireann – 8
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – 7
- An Roinn Airgeadais – 5
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – 5
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – 5
- Bord na gCon – 5
- Bord um Chúnammh Dlíthiúl – 5
- Comhlachtaí eile (4 iarratas nó níos lú) – 109



Léirítear sa chart seo miondealú de réir comhlacht poiblí ar na cásanna ar ghlac an Oifig seo leo lena n-athbhreithniú sa bhliain 2014. Is ionann na trí chomhlacht ba mhó iarratas ar glacadh leo don bhliain 2014 agus don bhliain 2013. Tá comhlachtaí eile (ar glacadh le níos lú ná cúig iarratas ar athbhreithniú uathu) freagrach as 43% de na hiarratais uile ar glacadh leo le linn na bliana. Is féidir sonraí breise faoi FSS a fháil i dtábla 15, Caibidil 4, agus sa chéad chart eile.

Miondealú ar chásanna FSS ar ghlac OCF leo


- FSS – Náisiúnta – 22
- FSS - An Deisceart – 16
- FSS - An tIarthar – 11
- FSS - Baile Átha Cliath - Laighin Láir – 9
- FSS - Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart – 4



Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, forchuirtear teorainneacha ama reachtúla ar chomhlachtaí poiblí maidir le próiseáil a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla d'iarraidh Saoráil Faisnéise. Go háirithe, ba cheart breith ar iarraidh bhunaidh a eisiúint laistigh de cheithre seachtaine agus, i gcás iarratas ar athbhreithniú inmheánach, ba cheart breith a eisiúint laistigh de thrí seachtaine ón iarratas sin a fháil. Má sháraítear na teorainneacha ama sin, cibé acu de bharr gan breith a dhéanamh ag céim na hiarrata bunaidh nó de bharr breith dhéanach ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh, beidh sé de cheart ag an iarrthóir an iarraidh a mheas mar iarraidh dhiúltaithe. Tar éis iarraidh a mheas a bheith diúltaithe ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh, tá iarrthóir i dteideal iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an Oifig seo. Léirítear sna cairteacha thíos líon na n-iarrataí a measadh a bheith diúltaithe sa bhliain ag ceachtar céim nó ag an dá chéim.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe (ag an dá chéim) 2010 – 2014




Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe (ag an dá chéim) de réir comhlachta 2014

- FSS – Náisiúnta – 6
- FSS - An Deisceart – 5
- FSS - Baile Átha Cliath-Lar Laighean – 4
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – 3
- FSS - An tIarthar – 3
- TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – 3
- Comhairle Contae Chorcaí – 2
- Bord na gCon – 2
- Comhlachtaí poiblí eile – 6




Comhlacht poiblí - iarraidh a measadh a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim den iarraidh Saoráil Faisnéise




Den 252 iarratas ar ghlac an Oifig seo leo lena n-athbhreithniú sa bhliain 2014, measadh 24% díobh a bheith diúltaithe ag an gcomhlacht poiblí lena mbaineann ag an gcéad chéim den iarraidh Saoráil Faisnéise ón iarrthóir. Sa chás go meastar iarraidh a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim sin, tá an t-iarrthóir i dteideal scríobh chuig an gcomhlacht poiblí lena mbaineann agus athbhreithniú inmheánach a iarraidh.

Comhlacht poiblí - iarraidh a measadh a bheith diúltaithe ag an dara céim den iarraidh Saoráil Faisnéise



Beagnach 28% a bhí an figiúr d'iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dara céim. Sa chás go meastar iarraidh ar rochtain ar thaifid a bheith diúltaithe ag an dara céim, is é sin, céim an athbhreithnithe inmheánaigh, tá sé de cheart ag an iarrthóir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an Oifig seo. Ina theannta sin, ní éilítear ar an iarrthóir táille a íoc leis an Oifig seo i gcásanna ina mbaineann an iarraidh le rochtain a fháil ar thaifid atá neamhphearsanta nó measctha.

Ceisteanna ginearálta ar OCF



I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013, bhí méadú beag ann ar líon na gceisteanna ginearálta a cuireadh ar an Oifig seo sa bhliain 2014. Agus é cothrom le 1,274 ceann, bhí líon na gceisteanna a fuarthas ar an líon ab airde in aon bhliain ar leith ón mbliain 2007.

Táillí a fuair OCF

Le linn na bliana 2014, fuair an Oifig seo 104 iarratas ar athbhreithniú inar íocadh táille. Ba é €11,865 an tsuim iomlán a fuair an Oifig seo i bhfoirm táillí iarratais sa bhliain 2014. Aisíocadh suim iomlán €7,350 le hiarratasóirí ar na cúiseanna seo a leanas:

- Aisíocadh €4,950 toisc gur diúltaíodh do na hiarratais a bhí i gceist mar gurbh iarratais neamhbhailí iad nó toisc go ndearnadh na hiarratais a tharraingt siar nó a shocrú;
- Aisíocadh €1,550 toisc nár eisigh an comhlacht poiblí breith an athbhreithnithe inmheánaigh laistigh den teorainn ama agus gur measadh an iarraidh a bheith diúltaithe dá bharr sin (féach alt 41 den Acht um Shaoráil Faisnéise);
- Aisíocadh €850 le hiarratasóirí i gcásanna inar neamhnaíodh an bhreith, inar scoireadh den bhreith nó nach raibh táille le híoc inti.

Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí agus ag Ard-Rúnaithe

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003, tugadh isteach forálacha trína bhféadfadh taifid áirithe a bhaint ó raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise trí bhíthin deimhniú ó Aire nó ó Ard-Rúnaí de chuid Roinne. Tá na forálacha ábhartha, mar a phléifear thíos, le fáil in ailt 19, 20 agus 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise agus foráiltear leo nach mór tuarascáil ina sonraítear líon na ndeimhnithe den sórt sin arna n-eisiúint a chur ar aghaidh chuig an Oifig seo.

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, aisghaireadh an chumhacht a bhí ag Ard-Rúnaithe taifid a bhaineann le próiseas pléite de chuid comhlacht poiblí a chosaint.

Alt 19

Díolúine éigeantach lena bhforáiltear do thaifid a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComhairle a chosaint is ea alt 19. Rinneadh an sainmhíniú ar Rialtas a leasú le hAcht 2003 chun go bhfolódh sé coiste oifigeach arna cheapadh ag an Rialtas chun tuairisc a thabhairt go díreach dó agus a bhí deimhnithe déanamh amhlaidh le deimhniú i scríbhinn ó Ard-Rúnaí an Rialtais.

Chuir Ard-Rúnaí an Rialtais in iúl dom nár eisigh sé aon deimhniú faoi alt 19 sa bhliain 2014.

Alt 20

Cosnaítear le halt 20 den Acht taifid áirithe a bhaineann le próiseas pléite de chuid comhlacht poiblí. I gcás Roinn Stáit, féadfaidh an tArd-Rúnaí deimhniú i scríbhinn a eisiúint sa chéill go bhfuil ábhar a bhaineann le próiseas pléite na Roinne sin le fáil i dtaifead ar leith. Sa chás go n-eisítear deimhniú den sórt sin, ní fhéadfar an taifead atá sonraithe a eisiúint faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Féadfar aon deimhniú den sórt sin a chúlghairm le deimhniú i scríbhinn ón Ard-Rúnaí.

Tar éis dom dul i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí, cuireadh in iúl don Oifig seo nár eisíodh aon deimhnithe nua faoi alt 20 le linn na bliana 2014.

Alt 25

Sa chás go bhfuil Aire den Rialtas sásta gur taifead díolmhaithe é taifead, de bhua alt 23 (forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail) nó de bhua alt 24 (slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus gur deimhin leis an Aire den Rialtas go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromáil chun gur chóir dó nó di déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí a dhearbhu, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 25(1) den Acht, gur taifead díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise an taifead.

Ní mór d'Airí tuarascáil a chur ar fáil don Oifig seo gach bliain ar líon na ndeimhnithe a eisíodh agus ar fhorálacha alt 23 nó alt 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm leo maidir leis na taifid díolmhaithe nó leis na taifid dhíolmhaithe. Ní mór dom cóip d'aon tuarascáil den sórt sin a chur i gceangal leis an Tuarascáil Bhliantúil uaim don bhliain atá i gceist.

Tugadh fógra don Oifig seo faoi na deimhnithe seo a leanas a eisíodh faoi alt 25.

Rinne an tAire DLí agus Cirt agus Comhionannais trí dheimhniú faoi alt 25 a athnuachan sa bhliain 2014 agus tiocfaidh siad sin faoi réir athbhreithniú sa bhliain 2016. Tiocfaidh trí dheimhniú eile faoi réir athbhreithniú sa bhliain 2015. Rinne an tAire deimhniú amháin a eisiúint faoin bhforáil choibhéiseach (alt 34) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Tiocfaidh an deimhniú nua faoi réir athbhreithniú sa bhliain 2016. Tá cóip den fhógra ceangailte le hAguisín I leis an Tuarascáil seo.

Rinne an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 34 d'Acht 2014 sa bhliain 2014. Tiocfaidh na deimhnithe sin faoi réir athbhreithniú sa bhliain 2016. Tá cóip den fhógra ceangailte le hAguisín I leis an Tuarascáil seo.

Cúrsaí foirne

Mar a luaigh mé ní ba luaithe sa Réamhrá, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead don Oifig seo cúigear ball foirne breise a earcú in oirchill éileamh breise tuartha ar a cuid seirbhísí de bharr rith an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus de bharr leathnú an Achta chuig gach comhlacht poiblí. Fuarthas cead roinnt folúntas ar leibhéal Imscrúdaitheora a líonadh freisin.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh gach ball foirne a chuaigh isteach san Oifig seo sa bhliain 2014. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as a gcuid tacaíochta, treallúis agus tiomantais d'obair na hOifige sa bhliain 2014. Luaigh mé ní ba luaithe gur baineadh amach roinnt éachtaí sa bhliain. Tá rún daingean agam agus ag an bhfoireann cur leis na héachtaí sin agus táim ag súil go léireofar éachtaí agus rath arís eile sa Tuarascáil Bhliantúil uaim don bhliain 2015.

Gabhaim an-bhuíochas le Elizabeth Dolan agus le Stephen Rafferty, Imscrúdaitheoirí Sinsearach, as ucht a dtreallúis, a dtiomantais agus a saineolais le linn na bliana, agus le Melanie Campbell agus le Edmund McDaid as ucht a gcúnaimh agus an Tuarascáil seo á cur le chéile.

Caibidil 2: Saincheisteanna a Tháinig Chun Cinn



Caibidil 2: Saincheisteanna a Tháinig Chun Cinn

Sa Chaibidil seo, leagtar béim ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na bliana a bhaineann le hoibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Is iad seo na saincheisteanna a pléadh:

- Ualach oibre na hOifige
- Forálacha neamhnocha alt 32
- Taifid ar iarraidh
- Iarrataí an-mhór ar Shaoráil Faisnéise
- Iarrataí suaibhreasacha nó cráiteacha
- Achomhairc chuig na Cúirteanna

Ualach oibre na hOifige

Mar a luaigh mé i gCaibidil 1, tháinig méaduithe suntasacha ar tháirgiúlacht don bhliain as struchtúir athbhreithnithe agus próiseas oibre athbhreithnithe a chur chun feidhme tar éis athbhreithniú eagrúcháin agus as roinnt baill foirne bhreise a earcú le linn na bliana 2014.

Cé gur bhearta riachtanacha iad na struchtúir athbhreithnithe agus na próisis athbhreithnithe chun cabhrú leis an Oifig seo déileáil le riaráiste mór oibre ar láimh ag tús na bliana, bhí sé an-tábhachtach freisin go bhféadfadh an Oifig seo bheith in ann an méadú réamh-mheasta ar obair a eascraíonn as tabhairt isteach na reachtaíochta nua um Shaoráil Faisnéise a bhainistiú go réidh. Mar a tharlaíonn, ní dócha go dtiocfaidh an méadú réamh-mheasta ar éileamh go dtí an dara leath den bhliain 2015. Mar sin féin, chuir an obair iontach a rinneadh sa bhliain 2014 ar thabhairt faoin riaráiste oibre ar láimh ar ár gcumas an bhunobair a dhéanamh le haghaidh na n-éileamh méadaithe ar ár gcuid seirbhísí a bhfuiltear ag súil leo sna míonna romhainn.

Shocraigh mé cuspóirí dúshlánacha don fhoireann i mbliana chun a chinntiú go ndéanfaimid forbairt ar an bhfeidhmíocht láidir a baineadh amach sa bhliain 2014. I measc cuspóirí eile, is mian liom a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag laghdú na tréimhse a thógtar chun athbhreithnithe a dhéanamh agus go mbeidh an tréimhse sin ag déanamh ar an gceanglas reachtúil go gcuirtear athbhreithnithe i gcrích laistigh de cheithre mhí sa mhéid is indéanta sin. Is cinnte go bhfuil súil agam nach mbeidh cásanna atá níos sine ná ocht mí d'aois ar lámh ag an Oifig seo faoi dheireadh na bliana 2015. Bheadh baint amach an chuspóra sin ina fheabhsú suntasach ar fheidhmíocht le blianta beaga anuas.

Forálacha neamhnocta alt 32

Tá beagnach dhá bhliain imithe ó chuir Emily O'Reilly an Tríú Tuarascáil ón gCoimisinéir Faisnéise faoi bhráid an Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú faoi alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise.

In alt 32, déantar foráil don diúltú éigeantach rochtana ar thaifid a dtairmisctear a nochtadh nó a n-údaraitear a neamhnoctadh le hachtacháin eile. San alt sin, fo-ordaítear forálacha rochtana an Achta um Shaoráil Faisnéise maidir le gach foráil neamhnocta i reachtanna, seachas iad sin a shonraítear sa Tríú Sceideal. Foráiltear leis an Acht go ndéanann an Comhchoiste athbhreithniú ar oibriú aon achtacháin lena n-údaraitear nó lena n-éilítear an neamhnoctadh taifead chun a chinntiú cé acu ba chóir iad a leasú, a aisghairm nó a chur leis an Tríú Sceideal nó nár chóir.

Sa Tuarascáil Bhliantúil do 2013, luaigh mé go raibh díomá orm nár foilsíodh tuarascáil an Chomhchoiste faoina bhreithniúcháin go fóill. Mhol mé go mbeadh an Bille um Shaoráil Faisnéise, mar a bhí sé ag an am, ina dheis iontach le haghaidh leasú ar bith ar an Tríú Sceideal a mhol an Comhchoiste a chur san áireamh. Bliain amháin ina dhiaidh sin, tá tuarascáil an Chomhchoiste faoina bhreithniúcháin gan foilsíú fós.

Is díol suntais gur mheas Tithe an Oireachtais gur chuí a chinntiú go bhfanadh an ceanglas chun forálacha neamhnocta a athbhreithniú i bhfeidhm san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Faoi alt 41, ní foláir do gach Aire Rialtais tuarascáil faoi na hachtacháin laistigh dá réimse rialachais faoi seach a chuimsíonn forálacha lena dtairmisctear an nochtadh taifead áirithe nó lena n-údaraitear an neamhnoctadh taifead áirithe a thabhairt don Chomhchoiste. Faoi alt 41(6), ní foláir an chéad tuarascáil dá leithéid a thabhairt laistigh de 30 lá tar éis an chomóraidh cúig bliana ón lá ar ar tugadh an tuarascáil dheireanach, faoi alt 32 d'Acht 1997, agus ní foláir tuarascálacha ina dhiaidh sin a thabhairt gach cúig bliana dá éis.

Faoi Acht 1997, bhí ar na hAíre na chéad tuarascálacha uathu a chur faoi bhráid an Chomhchoiste faoin 21 Aibreán 1999 agus tuarascálacha ina dhiaidh sin a chur faoina bhráid gach cúig bliana dá éis. Dá mbeifí ag cloí go docht le forálacha an Achta, bheadh na ceathrú tuarascálacha uathu curtha faoi bhráid an Chomhchoiste ag na hAíre lena bhreithniú faoin 21 Bealtaine 2014. Mar atá an scéal, níl breithniú déanta ar na tríú tuarascálacha go fóill.

Feictear dom go dtugann an mhoill ar bhreithniú ar an tríú babhta tuarascálacha an deis leis an bpróiseas a chur ar an mbealach ceart an athuir le haghaidh ceanglais tuairiscithe amach anseo agus ar aon dul le forálacha Acht 2014. In ionad ceangal a chur ar Airí an ceathrú babhta tuarascálacha a bhí le cur isteach sa bhliain 2014 a chur isteach, d'fhéadfadh gurbh fhearr don Chomhchoiste tuairisc a thabhairt ar a bhreithniúcháin ar na tuarascálacha atá aige faoi láthair agus ceangal a chur ar na hAirí na chéad tuarascálacha eile uathu a chur isteach faoin 21 Bealtaine 2019 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Tá sé ar intinn agam an cheist sin a phlé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Taifid ar iarraidh

Le halt 10(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, ceadáítear do chomhlacht poiblí diúltú d'iarraidh sa chás nach féidir na taifid a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil siad. I mí na Nollag 2014, sheas mé le breith FSS diúltú do rochtain ar thaifid leighis áirithe faoi alt 10(1)(a) i gcásanna ina bhfuil taifid ab eol a bheith ann ar iarraidh. Bhain an iarraidh le taifid leighis atá i seilbh Ospidéal Pobail Naomh Eoin, Sligeach. Is go drogallach a sheas mé le breith FSS ós rud é nár tugadh aon mhíniú inghlactha ar an bhfáth nach raibh na taifid lena mbaineann ann. Is féidir amharc ar an mbreith iomlán ar shuíomh Gréasáin na hOifige seo ag www.oic.gov.ie (Uimh. Cháis 130242 - Ms GK and the Health Service Executive). Tá sonraí níos mine faoin gcás leagtha amach i gCaibidil 3.

Le linn dom athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith a thug comhlacht poiblí diúltú d'iarraidh faoi alt 10(1)(a), tugaim aird ar an bhfianaise ar fáil don té a thug an bhreith agus ar an réasúnaíocht a d'úsáid an té a thug an bhreith chun teacht ar a chinneadh. Chomh maith leis sin, measúnaím a leorga a bhí na cuardaigh a rinne an comhlacht poiblí agus é ag iarraidh na taifid lena mbaineann a aimsiú. De ghnáth, is éard atá san fhianaise i gcásanna cuardaigh den chineál sin ná na bearta a rinneadh iarbhír chun cuardach le haghaidh taifead mar aon le fianaise ilghnéitheach eile ar chleachtais bhainistíochta taifead an chomhlachta poiblí, ar tháinig an comhlacht poiblí ar an gconclúid ar a mbonn gur réasúnach a bhí na bearta a rinneadh chun cuardach le haghaidh na dtaifead. Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil, tagaim ar thuairim maidir le cé acu a bhí nó nach raibh cúis mhaith ag an té a thug an bhreith teacht ar an gcinneadh nach ann do na taifid a bhíodhas ag iarraidh nó nach féidir iad a aimsiú.

Sa chás ar leith atá i gceist, cé gur tháinig mé ar thuairim nach dócha go ndearnadh na taifid a bhíodhas ag iarraidh a chailleadh nó a chur sa chomhad mícheart agus go raibh an chosúlacht ar an scéal gurb é atá sa chás ná cás lena mbaineann baint thoilíúil fhéideartha taifead as comhad othair, ghlac mé leis go ndearna FSS cuardaigh fhorleathana le haghaidh na dtaifead agus nach dócha go n-aimseofar iad i gcuardaigh amach anseo. Dá bhrí sin, ní raibh an dara rogha agam ach teacht ar an gconclúid go raibh cúis mhaith ag breith FSS ar bhonn alt 10(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise.

De bharr na n-údar mórímíní a bhí agam faoin gceist, áfach, chinn mé go dtarraingeoinn aird Ard-Stiúrthóir FSS ar an gcás tar éis chur i gcrích an athbhreithnithe. Fuair mé freagra ina dhiaidh sin go luath i mí Feabhra 2015 ó Bhainisteoir Ceantair Shligigh/Liatroma/an Chabháin Thiar de chuid FSS. Luaigh an Bainisteoir Ceantair go ndearnadh gach iarracht taifid an othair a rianú agus go bhfuil beartas chun déileáil le comhaid othar laistigh de cheantar ábhartha FSS á chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, d'aithin sé go raibh easnaimh i bpróiseáil na hiarrata ar Shaoráil Faisnéise agus dhearbhaigh sé dom gur cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlódh cás dá leithéid arís.

Is mór agam freagairt réamhghníomhach FSS do na húdair imní a bhí agam. Ina theannta sin, is mian liom a admháil gur ar fhadhbanna laistigh de cheantar sonrach FSS a leagann tosca an cháis sin béim agus ní hionann iad agus fadhb chórasach náisiúnta laistigh de FSS i gcoitinne. Mar sin féin, is féidir leis na fadhbanna a bhaineann leis an gcás sin ceachtanna luachmhara a chur ar fáil d'aon chomhlacht poiblí faoi chleachtais bhainistíochta taifead agus faoi na hoibleagáidí atá orthu maidir le freagairt d'iarrataí ar Shaoráil Faisnéise. Is fiú a lua freisin go ndéantar foráil le halt 52 d'Acht 2014 gur ciontach as cion agus faoi dhliteanas fíneála ar é a chiontú go hachomair a bheidh duine ar bith a scriosann taifead le hintinn mheabhlairachta.

Iarrataí an-mhór ar Shaoráil Faisnéise

Le halt 10 den Acht um Shaoráil Faisnéise, tugtar cead do chomhlacht poiblí diúltú do rochtain ar thaifid ar fhorais áirithe riaracháin. Foráiltear le halt 10(1)(c) go bhféadfar diúltú d'iarraidh dá ngéillfí don iarraidh, mar gheall ar líon nó ar chineál na dtaifead lena mbaineann nó ar chineál na faisnéise lena mbaineann, líon taifead chomh mór sin a aisghabháil agus a scrúdú, nó scrúdú a dhéanamh ar na taifid lena mbaineann ar scrúdú de shórt é, go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair eile an chomhlachta poiblí lena mbaineann.

Mar sin féin, ceanglaítear le halt 10(2) nach ndiúltófar do na hiarrataí "an-mhór" sin faoi alt 10(1)(c) murar thug an comhlacht poiblí cúnamh, nó murar thairg sé cúnamh a thabhairt, don iarrthóir lena mbaineann d'fhonn féachaint leis an iarraidh a leasú sa chaoi is nach dtiocfadh sí faoi réim alt 10(1)(c) a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh comhlacht poiblí bheith ag brath ar alt 10(1)(c) murar thug sé cúnamh nó murar thairg sé cúnamh a thabhairt don iarrthóir mar a cheanglaítear le halt 10(2).

Táim eolach ar an líon méadaitheach iarrataí atá á ndéanamh chuig an Oifig seo i gcásanna inar dhiúltaigh comhlachtaí poiblí d'iarrataí ar Shaoráil Faisnéise faoi alt 10(1)(c) gan cúnamh a thabhairt ná tairiscint cúnamh a thabhairt don iarrthóir d'fhonn féachaint leis an iarraidh a leasú sa chaoi is nach dtiocfadh sí faoi réim alt 10(1)(c) a thuilleadh. Is éigeantach atá an ceanglas chun cúnamh a thabhairt mar a leagtar amach é in alt 10(2). Dá réir sin, neamhním breith an chomhlachta poiblí diúltú don iarraidh de ghnáth nuair a thagann na cásanna sin os comhair na hOifige seo. Is é an toradh atá ar neamhniú den chineál sin ná go gceanglaítear ar an gcomhlacht poiblí breith nua chéadchéime a thabhairt i leith na hiarrata bunaidh agus

cúnamh a thairiscint don iarrthóir de réir fhorálacha alt 10(2), dá measfaí é sin a bheith riachtanach.

Cé go bhfuil alt 10(1)(c) i bhfeidhm le nach gcuirfear isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair eile an chomhlachta poiblí lena mbaineann, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go gcuirtear an fhoráil i bhfeidhm i gceart. Ó thaobh mo thaithí féin de, is minic a bhíonn iarrthóirí sásta a gcuid iarrataí a leasú le go mbeadh sé níos fusa iad a bhainistiú le leas gach duine lena mbaineann. Ar ndóigh, más rud é go ndiúltaíonn an t-iarrthóir don iarraidh a leasú, beidh teidlíocht iomlán ag an gcomhlacht poiblí um an dtaca sin breith a thabhairt maidir le cé acu ba chóir nó nár chóir diúltú don iarraidh faoi alt 10(1)(c). Má chuirtear an fhoráil i bhfeidhm i gceart, ní chaithfidh an Oifig seo breitheanna a neamhní ná déileáil le hiarrataí ón tús an athuir.

Iarrataí suaibhreasacha nó cráiteacha

Cé gur luaigh mé roinnt de na breitheanna ba thábhachtaí a thug an Oifig seo sa bhliain 2014 i gCaibidil 3, is mian liom aird ar leith a tharraingt ar shaincheist a tháinig aníos i líon beag iarratas ar athbhreithniú a rinneadh chuig an Oifig seo. Bhí cúis agam roinnt uaireanta le linn 2014 le breithniú a dhéanamh ar cé acu atá iarrataí áirithe ina n-iarrataí suaibhreasacha nó ina n-iarrataí cráiteacha nó atá siad mar chuid de phatrún iarrataí atá míréasúnach go follasach.

Is féidir leis an tsaincheist sin teacht aníos lena breithniú ar cheann amháin de dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh comhlacht poiblí diúltú d'iarraidh faoi alt 10(1)(e) den Acht má mheasann sé go bhfuil an iarraidh suaibhreasach nó cráiteach nó go bhfuil sí mar chuid de phatrún iarrataí míréasúnach ón aon iarrthóir amháin nó ó iarrthóirí eile atá ag gníomhú as lámha a chéile. Tá na breitheanna sin faoi réir athbhreithnithe ag an Oifig seo. Ar an dara dul síos, foráiltear le halt 34(9)(a)(i) den Acht go bhféadfaidh mé diúltú géilleadh d'iarratas nó scor d'athbhreithniú má thagaim ar an tuairim go bhfuil an t-iarratas lena mbaineann an t-athbhreithniú suaibhreasach nó cráiteach.

Laistigh de chiall an Achta um Shaoráil Faisnéise, measfaidh mé iarraidh nó iarratas a bheith "suaibhreasach nó cráiteach" más dé mheon mímhacánta a dhéantar é/í nó má tá sé/sí ina chuid/cuid de phatrún iompraíochta arb ionann é agus mí-úsáid próise nó mí-úsáid an chirt rochtana. Is é mo thuairim nár chóir tabhairt faoin diúltú d'iarrataí ar na forais go bhfuil siad suaibhreasach nó cráiteach gan machnamh go maith air. Éilítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go gcomhlíonann comhlachtaí Saoráil Faisnéise caighdeáin an-ard agus iad ag déileáil le hiarrataí. Táim den tuairim freisin, áfach, go bhfuiltear ag glacadh sa reachtaíocht le hiompraíocht réasúnach ar thaobh na n-iarrthóirí.

Tá dúshlán shuntasacha roimh gach comhlacht poiblí, an Oifig seo ina measc, le blianta beaga anuas maidir le freastal ar éilimh mhéadaithe le níos lú acmhainní. D'ainneoin na n-éileamh méadaithe sin, tá fonn orm a chur in iúl go láidir gur príomhfheidhm de chuid comhlachtaí poiblí í Saoráil Faisnéise agus ní féidir níos lú tábhachta a thabhairt di ná an tábhacht a thugtar

d'fheidhmeanna reachtúla eile agus éilimh iomaíocha á gcothromú. Os a choinne sin, is mian liom a chinntiú nach mbaineann iarrthóirí mí-úsáid as na cearta tábhachtacha a thugtar dóibh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá freagracht orm freisin as a chinntiú nach mbaintear mí-úsáid as acmhainní ganna na hOifige seo.

Le linn na bliana, scoir mé de dhá athbhreithniú ón aon iarratasóir amháin toisc gur tháinig mé ar an tuairim gur cráiteach a bhí na hiarratais ar athbhreithniú. Chinn mé go raibh cuspóir iarrataí an iarratasóra chuig an gcomhlacht poiblí dírithe ar chuspóir nach mbaineann leis an bpróiseas rochtana agus gur cuireadh faoi bhráid an chomhlachta iad chun críche nús a chruthú, dar liom.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur scoir an t-iarChoimisinéir sa bhliain 2013 de sheacht n-iarratas ar leith ar athbhreithniú a rinne an t-iarratasóir céanna chuig an gcomhlacht céanna ar an bhforas gur suaibhreasach nó cráiteach a bhí na hiarratais sin. Tugtar sonraí níos mine faoi na cásanna sin sa rannán seo a leanas a bhaineann le hachomhairc chuig na huaschúirteanna.

Agus an lánrogha atá agam scor den dá athbhreithniú in 2014 á cleachtadh agam, mheas mé gur bhain an dá cheann díobh le cúis ghearáin sheanbhunaithe a bhí ag an iarratasóir leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann agus go raibh siad mar chuid den phatrún céanna iompraíochta is ionann agus mí-úsáid próise agus an patrún sin a shainaithe an t-iarChoimisinéir.

Leanfaidh mé ar aghaidh ag cinntiú go mbainfear an leas is fearr is féidir as acmhainní teoranta na hOifige seo agus leanfaidh mé de bheith ag súil le hiompraíocht réasúnach ar thaobh na n-iarrthóirí.

Achomhairc chuig na Cúirteanna

Den chéad uair riamh ó bunaíodh an Oifig seo, rinne iarratasóir ar athbhreithniú iarratas chuig an Ard-Chúirt ar Ordú lena dtugtar treoir don Oifig seo an t-athbhreithniú ar a chás a chur i gcrích. Cuireadh an t-athbhreithniú ar fionraí ar feitheamh an toraidh ar achomharc gaolmhar san Ard-Chúirt a bhaineann leis an iarratasóir sin. Déantar cur síos níos mine ar na sonraí ina leith thíos (Westwood Club agus an Coimisinéir Faisnéise). Agus é seo á scríobh, bhí an t-ábhar curtha ar atráth ag an gCúirt chun ligean don Oifig seo an t-iarratas ar athbhreithniú a bhreithniú.

Páirtí in athbhreithniú agus duine ar bith eile a dtéann breith a thugann an Oifig seo i bhfeidhm air, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Is féidir breith a thugann an Ard-Chúirt a achomharc chuig an gCúirt Achomhairc. Rinneadh ceithre achomharc in aghaidh bhreitheanna na hOifige seo chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2014. Rinne an t-iarratasóir trí cinn díobh agus rinne an comhlacht poiblí an ceann eile. Tugadh breithiúnas ex-tempore i gceann amháin de na ceithre chás (féach thíos) agus tarchuireadh an cás ar thionscain an comhlacht poiblí é ar ais chuig an Oifig seo trí chomhaontú. Tá an dá achomharc Ard-Chúirte atá fágtha liostaithe le haghaidh dul chun cinn in 2015.

Rinneadh dhá achomharc in aghaidh bhreitheanna na hArd-Chúirte chuig an gCúirt Achomhairc sa bhliain 2014. Rinne an t-iarratasóir ceann amháin agus rinne an Oifig seo an ceann eile. Agus é seo á scríobh, níl cinneadh deiridh déanta ag an Oifig seo ar cé acu a leanfaidh sí uirthi lena hachomharc nó nach leanfaidh. Tá an cás eile liostaithe le haghaidh éisteacht níos moille sa bhliain 2015.

Níor tugadh aon bhreitheanna ón gCúirt Uachtarach sa bhliain 2014.

Mar a luaigh mé thuas, eisíodh breithiúnas ex-tempore i gcás amháin in 2014. Sa chás i gceist (Cás 120129 - Mr X and the Health Service Executive), rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh bhreith na hOifige seo seasamh le breith a thug FSS diúltú do rochtain ar thaifid áirithe a bhí á gcoimeád ar chomhad a bhain le measúnú ar mhac an iarratasóra.

D'argóin an t-abhcóide a bhí ag déanamh ionadaíocht don Oifig seo nár shainaithin an t-iarratasóir pointe dlí ina achomharc mar atá riachtanach de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Tarraingíodh aird na Cúirte ar an bhfíric gur cuireadh an tsaincheist sin in iúl don iarratasóir trí mhionnscríbhinní a mhalartú.

Thug an Breitheamh Onórach Eager breithiúnas tar éis tréimhse ghairid bhreithniúcháin. Thug sé breithiúnas nár shainaithin an t-iarratasóir aon pointe dlí agus nár chloígh an t-achomharc le hOrdú 130 de Rialacha na nUaschúirteanna. Ceanglaítear leis an ordú sin nach mór foras achomhairc agus pointe dlí a bheith luaite. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don achomharc.

Tugadh trí bhreithiúnas scríofa Ard-Chúirte sa bhliain 2014. Tá na téacsanna iomlána de na breithiúnais ar fáil ag www.oic.gov.ie. Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná achoimre ar na príomhphointí sna cásanna.

An tAire Sláinte agus an Coimisinéir Faisnéise [2013] 265 MCA. Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh O'Neill, an 9 Bealtaine 2014

Cúlra

Rinne an t-iarratasóir iarratas chuig an Oifig seo ar athbhreithniú ar bhreith a thug an Roinn Sláinte diúltú dá iarraidh ar chóip de thras-scríbhinn ina mionsonraítear cruinniú a bhí aige leis an mBreitheamh Onórach Thomas Smyth maidir le fiosrúchán a rinne an Breitheamh Onórach Smyth ar cheisteanna ábhartha a bhaineann le hOspidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha. Tugtar "Athbhreithniú Dhroichead Átha" air go coitianta. Dhiúltaigh an Roinn don iarraidh ar an bhforas nach raibh na taifid i gceist ina seilbh chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Saincheist

D'argóin an Roinn gur leis an mBreitheamh Onórach Smyth na tras-scríbhinní agus gur chun críche iad a choimeád slán a cuireadh ina taise iad. Fuair an Oifig seo amach go raibh na taifid i seilbh agus faoi rialú na Roinne de réir alt 2(5)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Neamhnigh

an Oifig seo breith na Roinne agus thug sí treoir di an iarraidh ar shaoráil faisnéise a phróiseáil. Rinne an Roinn achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt.

Cinneadh na Cúirte

Thug an Chúirt breithiúnas nár leor seilbh dhleathach doiciméid chun an doiciméad a chur faoi réir nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar an mbonn go raibh sé “i seilbh” an chomhlachta phoiblí de réir bhrí alt 6(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Maidir leis an gceist faoi cé acu a bhí na taifid faoi rialú na Roinne nó nach raibh, thug an Chúirt breithiúnas gurbh é an Breitheamh Onórach Smyth an t-aon pháirtí amháin a d’fhéadfadh leas dílseánaigh nó foirm eile de rialú dlíthiúil ar na doiciméid a dheimhniú de bharr a stádais neamhspleách mar athbhreithneoir agus toisc gurbh é an Breitheamh Onórach Smyth a chruthaigh na doiciméid i gceist chun críocha an athbhreithnithe.

Chinn an Chúirt nach raibh na taifid i seilbh na Roinne ná faoina rialú chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus sheas sí le hachomharc na Roinne.

Cé go bhfuil achomharc in aghaidh bhreith na hArd-Chúirte curtha faoi bhráid na Cúirte Achomhairc ag an Oifig seo, níl aon chinneadh déanta ar cé acu a leanfar leis an achomharc nó nach leanfar agus é seo á scríobh.

Westwood Club agus an Coimisinéir Faisnéise [2013] 176 MCA. Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Cross, an 15 Iúil 2014

Cúlra

Rinne an t-iarratasóir iarratas chuig an Oifig seo ar athbhreithniú ar bhreith a thug Comhairle Baile Bhré diúltú do rochtain ar thaifid atá i seilbh na Comhairle maidir le Bray Swimming Pool and Sports Leisure Centre Limited (an chuideachta).

Saincheist

Le linn an athbhreithnithe, ghlac an Chomhairle leis go raibh taifid áirithe ina seilbh mar scairshealbhóir de chuid na cuideachta ach d’argóin sí go raibh na taifid sin íogair ó thaobh na tráchtála de agus díolmhaithe óna scaoileadh faoi alt 27(1)(b) den Acht. Rinneadh argóint freisin nach raibh taifid ábhartha eile a bhí i seilbh na cuideachta faoina rialú agus nach raibh siad faoi réir an Achta. Foráiltear le halt 2(5)(a) den Acht go bhfolaíonn aon tagairt do thaifid atá i seilbh comhlachta phoiblí tagairt do thaifid atá faoi rialú an chomhlachta.

Dhearbhaigh an Oifig seo breith na Comhairle diúltú do rochtain ar na taifid i gceist ar an mbonn gurb íogair ó thaobh na tráchtála de a bhí taifid áirithe a bhí ina seilbh. Dhearbhaigh an bhreith a thug an Oifig seo freisin nach raibh taifid eile a bhí i seilbh na cuideachta faoi rialú na Comhairle sa chaoi is go bhféadfaí a mheas go bhfuil siad i seilbh na Comhairle faoi alt 2(5)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt.

Cinneadh na Cúirte

Chinn an Chúirt go ndearna an Oifig seo earráid i dtaca leis an dualgas cruthúnais i litir réamhthuirimí chuig an iarratasóir a mhéid gur airbheartaíodh léi an dualgas a chur ar an iarratasóir a thaispeáint gur chóir na taifid atá i seilbh na Comhairle a scaoileadh. Thug Cross, J., breithiúnas gur baineadh an bonn go mór de bhreith na hOifige seo leis an mainneachtain an ráiteas sa réamhthuirim maidir leis an dualgas cruthúnais a shéanadh agus mar gur cuireadh an réasúnaíocht sa réamhthuirim san áireamh sa bhreith gan séanadh den chineál sin.

Maidir leis an gceist faoi na taifid i seilbh na cuideachta, chinn an Chúirt gur theip ar an Oifig seo breithniú cuí a dhéanamh ar gach ceist ábhartha i dtaca le saincheist an rialaithe. Chinn an Chúirt nár bhreithnigh an Oifig seo gur chuir an Chomhairle iasacht ab fhiú breis agus €10 milliún ar fáil don chuideachta agus nár chuir an Oifig seo san áireamh an fhíric go raibh an réadmhaoin i seilbh na cuideachta faoi léas nach raibh inmharthana ó thaobh na tráchtála de.

Le hOrdú dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2014, baineadh an bhreith a thug mé agus tarchuireadh an tsaincheist chuig an Oifig seo le haghaidh tuilleadh breithnithe. Rinne an Chúirt ordú freisin go raibh an bhreith le tabhairt laistigh de dheich seachtaine ó dháta an Ordaithe ag té nach raibh páirteach i dtabhairt na breithe tosaigh. Thug mise breith nua i mí na Nollag 2014 agus is féidir amharc uirthi ar shuíomh Gréasáin na hOifige seo (Cás 140287 - Mr X and Bray Town Council).

Patrick Kelly agus an Coimisinéir Faisnéise [2013] 325 MCA. Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh Iseult O'Malley, an 7 Deireadh Fómhair 2014

Cúlra

Rinne an t-iarratasóir seacht n-iarratas ar leith chuig an Oifig seo ar athbhreithniú ar bhreitheanna a thug an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), i dtaca le hiarrataí a rinne sé faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Bhain na seacht n-iarraidh ar dhóigh éigin le cúis ghearáin sheanbhunaithe a bhí ag an iarratasóir le COBÁC. Thug an t-iarChoimisinéir breith gurbh é a bhí san úsáid a bhain an t-iarratasóir as an Acht um Shaoráil Faisnéise ná cuid dá straitéis le haghaidh na cúise gearáin sin a chur chun cinn agus/nó a fhadú agus gurbh ionann í agus patrún iompraíochta a thug le fios gur baineadh mí-úsáid as an bpróiseas Saoráil Faisnéise. D'fheidhmigh sí an lánrogha atá aici scor de na seacht n-iarratas uile faoi alt 34(9)(a)(i) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an mbonn gur cráiteach a bhí na hiarratais. Rinne an t-iarratasóir achomharc chuig an Ard-Chúirt.

Saincheist

I measc nithe eile, d'argóin an t-iarratasóir nár léirmhínigh an t-iarChoimisinéir an frása “suaibhreasach nó cráiteach” agus í ag teacht ar a breith. D'argóin sé freisin gur sáraíodh a cheart chun nósanna imeachta cothroma a mhéid nár cuireadh aighneachtaí a chuir COBÁC faoi bhráid na hOifige seo ar fáil dó lena bharúil a iarraidh sular tugadh an bhreith scor dá hiarratais ar athbhreithniú.

Chomh maith leis sin, d'argóin an t-iarratasóir nach raibh an t-údarás tarmligthe chun déanamh amhlaidh ag an Imscrúdaitheoir Sinsearach a thug an mhionnscribhinn i dtaca leis na himeachtaí Cúirte i mí na Samhna 2013 mar go raibh an post mar Choimisinéir Faisnéise folamh ag an am.

Rinne an t-abhcóide a bhí ag déanamh ionadaíocht don Oifig seo argóint nár bhreith a tugadh tar éis na n-athbhreithnithe í an bhreith scor de na hathbhreithnithe agus, mar sin de, ní féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh breithe a thug an Coimisinéir Faisnéise scor d'athbhreithniú.

Cinneadh na Cúirte

Chinn an Chúirt gurb é is aidhm don phróiseas achomhairc reachtúil a bheith bainteach le pointí dlí a eascraíonn as breitheanna substainteacha an Choimisinéara tar éis athbhreithnithe in ionad é a bheith bainteach le breith an Choimisinéara maidir le cé acu a dhéanfar athbhreithniú nó a scoirfear d'athbhreithniú a tosaíodh cheana. Dhearbhaigh an Chúirt nach raibh aon údarás aici aird a thabhairt ar an achomharc.

Sa chás go raibh sí mícheart faoi, áfach, bhreithnigh an Chúirt ina dhiaidh sin an triail a chuir an t-iarChoimisinéir i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil iarratas ina iarratas suaibhreoseach nó cráiteach nó nach bhfuil. Chinn O'Malley, J., nach ndearna an t-iarChoimisinéir earráid sa triail dhlíthiúil le cur i bhfeidhm ná lena cur i bhfeidhm maidir leis na fíricí.

Luaigh O'Malley, J., go raibh an Coimisinéir i dteideal a lánrogha a chleachtadh le reacht agus í ag cinneadh ar cheart a mheas gur cráiteach atá iarratas chuig an gCoimisinéir Faisnéise nó nár cheart. Thug sí breithiúnas nach raibh aon dualgas ar an gCoimisinéir staid intinne an iarratasóra a chruthú agus gur féidir tatal a bhaint as patrún iompraíochta ar bhonn gnáthchéille.

Maidir leis an gceist faoi údarás tarmligthe, dhearbhaigh an Chúirt nach luaitear sa dlí go gcailleann foireann na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí an ceart dlíthiúil atá acu chun leanúint dá jab a dhéanamh agus chun na breitheanna a thabhairt ar tugadh údarás dóibh roimhe sin iad a thabhairt gach uair a bhíonn idirthréimhse sa phost mar cheann ar an ngníomhaireacht sin. Dhiúltaigh an Chúirt d'achomharc an iarratasóra. Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh bhreith na Cúirte chuig an gCúirt achomharc ó tugadh an bhreith.

FOI revision a step in the right direction

Irish Examiner - 04/10/2014

FOI covers gardai and NAMA for first time

By **Alan O'Keeffe**

A MORE powerful Freedom of Information Act coming into force this month will include gardai and NAMA within its powers for the first time.

The Herald - 04/10/2014

Faulty CCTV system at UHG putting patient safety at risk

Freedom of Information reply to former Mayor revealed security lapses

Connacht Sentinel - 16/09/2014

Caibidil 3: Breitheanna




Caibidil 3: Breitheanna

Breitheanna foirmiúla

Sa bhliain 2014, rinne an Oifig seo athbhreithniú ar 340 cás san iomlán agus tugadh breith fhoirmiúil ar 202 cás díobh (59% de na hathbhreithnithe a cuireadh i gcrích). Ba trí bhíthin scor díobh, socrú nó tarraingt siar a druideadh na 138 cás eile (féach Tábla 16, Caibidil 4).

Torthaí na n-athbhreithnithe ar tugadh breith fhoirmiúil orthu idir an bhliain 2011 agus an bhliain 2014, leagtar béim orthu agus cuirtear iad i gcomparáid mar chéatadáin sa tábla thíos.

Comparáid chéatadáin na gcinntí foirmiúla 2011 - 2014



Mar is léir sa tábla thuas, is lú go mór an líon céatadánach breitheanna a neamhnigh an Oifig seo in 2014 ná an líon a neamhníodh in 2013. Is amhlaidh sin den chuid is mó cionn is gur tháinig laghdú ar líon na gcásanna (i gcomparáid leis an mbliain 2013) inar mheas an Oifig seo

go raibh sé riachtanach breith an chomhlachta phoiblí a neamhní de bharr gur theip air cloí le forálacha éigeantacha áirithe den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Breitheanna suntasacha

Seo a leanas samplaí de na breitheanna suntasacha a thug an Oifig seo le linn na bliana 2014. Is féidir téacs iomlán gach breithe a fháil ar shuíomh Gréasáin na hOifige seo ag www.oic.gov.ie.

Martina Fitzgerald, RTÉ agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Uimh. cháis 130165

Ag deireadh na bliana 2014, d'eisigh mé breith a bhaineann le cóiríocht agus fosheirbhísí a bhí á gcur ar fáil go díreach ag an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (RIA) de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais don lucht iarrtha tearmainn. D'iarr Martina Fitzgerald, iriseoir de chuid RTÉ, rochtain ar thaifid tuarascálacha cigireachta le haghaidh ocht nlonad Tearmainn ainmnithe mar aon le faisnéis mhionsonraithe faoin gcur ar fáil díreach tacaíochta do na daoine sin a bhí ag iarraidh tearmainn in Éirinn don tréimhse idir 2011 agus 2012.

D'iarr Iníon Fitzgerald go sonrath rochtain ar an bhfaisnéis ghinearálta a bailíodh le haghaidh staitisticí a foilsíodh sa tuarascáil bhliantúil. Go mall san athbhreithniú seo, tháinig sé chun solais gur choimeád an RIA bunachar sonraí a chuimsigh cuid den fhaisnéis a chlúdaigh an iarraidh. Ba chosúil gur baineadh úsáid as an mbunachar sonraí sin chun na staitisticí le haghaidh na tuarascála bliantúla a tháirgeadh. Tá an chuma ar an scéal, áfach, nár scrúdaigh an Roinn é go dtí gur lean an Oifig seo don cheist faoi cé acu is ann nó nach ann do na taifid as ar bailíodh na sonraí don tuarascáil bhliantúil. D'iarr Iníon Fitzgerald an cineál faisnéise sin go sonrath agus, i mo thuairimse, bhíothas in ann na taifid ábhartha a aisghabháil ón mbunachar sonraí sin i riocht tuarascála nó ar shlí eile agus iad a bhreithniú lena n-eisiúint sa chás go bhforáiltear é leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.

Ina theannta sin, feictear dom nach ndearna an Roinn breithniú ar bith ar thaifid churtha in eagar a chur ar fáil, nuair is cuí, faoi mar a fhoráiltear le halt 13 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá sé an-mhíshásúil gur tugadh aird na hOifige seo ar na taifid bhunachar sonraí chomh mall sin mar gur léir gur cheart iad a bhreithniú in 2012.

D'athraigh an Oifig seo breith na Roinne sa chás. Le linn di an bhreith diúltú do rochtain ar an bhfaisnéis phearsanta faoi dhaoine aonair a taifeadadh ar an mbunachar sonraí agus sna taifid a bhí á n-iarraidh a dhearbhu, thug sí ordú go n-eiseofaí na taifid choinnithe siar eile faoi réir an fhaisnéis phearsanta faoi dhaoine aonair a chur in eagar. Chomh maith leis sin, neamhnigh an Oifig seo an bhreith diúltú do chuid den iarraidh faoi alt 10(1)(c) ar an bhforas go raibh sí an-mhór toisc nár chloígh an Roinn le ceanglais alt 10(2) chun cúnadh a thabhairt nó chun tairiscint cúnadh a thabhairt d'Iníon Fitzgerald an iarraidh a leasú le nach ndiúltófaí di faoin alt sin a thuilleadh.

Iníon GK agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Uimh. cháis 130242

Rinne bean iarratas chuig FSS ar chóipeanna de thaifid leighis a huncail a bhaineann leis an gcúram a cuireadh ar fáil dó in Ospidéal Naomh Eoin, Sligeach. Bhí roinnt de na leathanaigh ar iarraidh nuair a fuair sí na taifid. Bhain na laethanta ar iarraidh le laethanta ar a raibh imní ar bhail den teaghlach faoin gcúram a bhí á chur ar fáil dá n-uncail. I gcinneadh FSS ar an athbhreithniú inmheánach an 26 Iúil 2013, luadh nach rabhthas in ann aon taifid leighis chliniciúla le haghaidh na ndátaí a leagadh amach a aimsiú tar éis cuardaigh a rinne an Stiúrthóir Altranais san Ospidéal.

Ní raibh FSS in ann tráth ar bith le linn an athbhreithnithe míniú inghlactha a thabhairt ar cén fáth a raibh na taifid ar iarraidh. Ba léir go ndearna foireann an Ospidéil na taifid a chruthú agus a leagan ar chomhad an othair ach chuaigh na taifid ar iarraidh uair éigin.

I gcásanna ina dtagann buarthaí aníos faoin gcúram a fhaigheann duine, d'fhéadfadh an fháil ar nótaí comhaimseartha leighis bheith ríthábhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bith a thagann aníos i dtaca leis an gcúram agus leis an gcóireáil a chuirtear ar fáil don othar. Ábhar mórímní a bhí i neamhláithreacht na dtaifead sin, ní hamháin i gcomhthéacs Saoráil Faisnéise ach i gcomhthéacs níos leithne freisin. Tar éis dom an comhad agus freagraí FSS ar na ceisteanna cuardaigh tosaigh a d'ardaigh an Oifig seo a scrúdú, ba chosúil dom gur tháinig an cheist um baint thoilíúil fhéideartha taifead ó chomhad othair aníos. Tá an chuma ar an scéal, ó na cuntais éagsúla ar an rud a tharla, gur tugadh comhad an othair chuig cruinniú a reáchtáil an fhoireann leis an iarratasóir an 14 Eanáir 2013 ach níor osclaíodh é ag an am sin. Tháinig an fhíric go raibh leathanaigh áirithe ar iarraidh chun solais nuair a rinneadh an iarraidh Saoráil Faisnéise.

D'fhiafraigh foireann na hOifige seo ar FSS an ndearnadh aon imscrúduithe nó fiosruithe nó ar tarchuireadh an cheist chuig an nGarda Síochána. Luaigh FSS ina freagra nach raibh sí in ann aon chás prima facie a éilíonn imscrúdú araíonachta a fháil amach. Luaigh sí freisin gur cheist don lucht bainistíochta áitiúil í iarraidh ar na Gardaí bheith páirteach ann agus nach nglaofaí orthu in éagmais fianaise ar choir. D'ainneoin an fhreagra a thug FSS, tháinig an Oifig seo ar an tuairim nár dhócha go ndearnadh na taifid a chailleadh ná a chur sa chomhad mícheart.

Mar sin féin, tá teorainn leis an ról atá agam i gcásanna nach féidir taifid atá á n-iarraidh a aimsiú iontu agus ní féidir liom ach a chinneadh cé acu a rinne an comhlacht poiblí gach beart réasúnach chun iad a aimsiú nó nach ndearna. Dá bharr sin, caithfidh mé aird a thabhairt ar an bhfianaise ar fáil don té a thug an bhreith agus ar an réasúnaíocht a d'úsáid an té a thug an bhreith chun teacht ar a chinneadh. Chomh maith leis sin, caithfidh mé measúnú a dhéanamh ar a leorga a bhí na cuardaigh a rinne an comhlacht poiblí agus é ag iarraidh na taifid lena mbaineann a aimsiú.

De réir na bhfreagraí a thug FSS, bhí na taifid i gceist i láthair ag cruinnithe idir an t-iarratasóir agus foireann an Ospidéil an 17 Nollaig 2012 agus an 14 Eanáir 2013, cé nár úsáideadh iad i

gceachtar cruinniú. Bunaithe ar an méid a chuimhníonn ball foirne, luaigh FSS gur “sheiceáil [ball foirne FSS] an comhad, tar éis iarraidh Saoráil Faisnéise, agus bhí cuid de na nótaí altranais, atá ar iarraidh anois, i láthair. Bhí an comhad san Aonad Athshlánúcháin thar oíche agus, an mhaidin dár gcionn, baineadh trí leathanach de na nótaí altranais”. Luaigh FSS go ndearnadh cuardach cuimsitheach ar sheomra na gcomhad, ar an Aonad Athshlánúcháin, ar an Ospidéal Lae, ar Aonaid eile agus ar oifigí riaracháin Altranais um an dtaca sin ach níor aimsíodh na nótaí ar iarraidh. Luaigh FSS freisin gur chuir Lucht Riaracháin an Ospidéil na baill foirne uile lena mbaineann faoi agallamh maidir le cailleadh na nótaí sin, i.e. foireann altranais, foireann chléireachais agus an Dochtúir Oifigiúil lena mbaineann. Ba éard a bhí i gceist leis an bpróiseas sin agallamh a chur ar na baill foirne áirithe ar mhol an t-iarratasóir go raibh a n-ainm i measc na ndaoine sin a chonaic na nótaí ábhartha sular cailleadh iad. Dar le FSS, rinne cúigear ball foirne iarracht na taifid ar iarraidh a aimsiú.

Cé gur ábhar mórinní é gur féidir taifid leighis phearsanta i seilbh FSS dul ar iarraidh i gcásanna mar sin, níl aon chumhachtaí ag an Oifig seo ordú a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le conas ba cheart dóibh a gcuid taifead a bhainistiú. Anuas air sin, cé go bhfuilim sásta a thabhairt faoi deara gur chuir FSS in iúl don Oifig seo le linn an athbhreithnithe go ndearnadh athruithe ar na socruithe bainistíochta taifead san Ospidéal mar thoradh ar an teagmhas seo, lena n-áirítear socruithe stórála níos daingne agus srianta ar rochtain ar thaifid leighis, is sothuigthe go bhfuil an t-iarratasóir an-díomách agus an-suaite mar nach raibh sí in ann cóipeanna de na taifid a fháil. Agus aird á tabhairt ar na sonraí faoi na cuardaigh a rinne FSS agus í ag iarraidh na taifid a aimsiú, áfach, ní raibh an dara rogha agam ach teacht ar an gconclúid go ndearna FSS gach beart réasúnach chun na taifid a aimsiú agus, dá bhrí sin, go raibh cúis mhaith aici lena chinneadh nárbh fhéidir na taifid a aimsiú.

Fiona Gartland agus an tSeirbhís Chúirteanna - Uimh. cháis 130140

Bhain an t-athbhreithniú seo le diúltú na Seirbhíse Cúirteanna do shonraí a eisiúint faoi speansais a d'éiligh gach breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche don bhliain 2012.

Chuir an tSeirbhís Chúirteanna míniú ar fáil don iarratasóir faoi na cineálacha speansas a d'éiligh na breithiúna mar aon le táblaí ina mionsonraítear na speansas a d'éiligh na breithiúna go léir don bhliain 2012 gan ainmneacha na mbreithiúna a léiriú. D'argóin an tSeirbhís Chúirteanna gurb ionann nochtadh na sonraí faoi na speansas a d'éiligh gach breitheamh agus faisnéis phearsanta a bhí díolmhaithe óna heisiúint faoi alt 28 den Acht um Shaoráil Faisnéise. D'argóin sí freisin go raibh an fhaisnéis díolmhaithe óna heisiúint faoi alt 24 den Acht ar an mbonn go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndéanfaí dochar do shlándáil an Stáit dá n-eiseofaí na sonraí.

Ghlac mé leis gur féidir a rá, ar bhealach ginearálta, gurb ionann sonraí faoi na speansas a d'éiligh breithiúna aonair agus faisnéis a bhaineann le gnóthaí airgeadais na mbreithiúna sin agus, mar sin de, go dtagann siad faoin sainmhíniú ar ‘fhaisnéis phearsanta’ chun críocha an Achta. Thug mé faoi deara, áfach, go mbaineann an fhaisnéis leis na breithiúna ina ról mar oifigh phoiblí agus le híocaíochtaí a rinneadh leo i dtaca lena gcuid dualgas poiblí. I gceann

amháin de na cásanna ba luaithe ar thug an Oifig seo cinneadh air (Uimh. cháis 99168), chinn an Coimisinéir a bhí i seilbh oifige ag an am sin nach as gné phríobháideach éigin de shaol na n-éilitheoirí a d'éascair na speansais a íocadh leis na comhaltaí tofa de Thithe an Oireachtais chun íoc as na speansais a thabhaigh siad agus a gcuid feidhmeanna mar ionadaithe poiblí á gcomhlíonadh acu. Thug mé breithiúnas gur bhain na breithniúcháin chéanna leis an gcás seo. Dá bhrí sin, fuair mé gur sháraigh leas an phobail i gcuntasacht as úsáid cistí poiblí a chinntiú aon cheart chun príobháideachta a bhféadfadh breithiúna leas a bhaint as i dtaca le sonraí faoina n-éilimh speansas.

Foráiltear le halt 24(1)(a) go bhféadfaidh ceann diúltú do rochtain a thabhairt ar thaifead dá bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead, go ndéanfaí dochar do shlándáil an Stáit. Rinneadh an argóint, dá nochtfaí sonraí faoi speansais taistil a íocadh le breithiúna aonair, go bhféadfaí breithiúna atá ar shiúl ón mbaile go minic a shainiú, go bhféadfadh an fháil ar an fhaisnéis sin a bheith ina riosca do bhreithiúna agus/nó dá dteaghlach, go bhféadfaí bagairt do shábháilteacht an bhreithimh nó dá t(h)eaghlach a úsáid chun neamhspleáchas breithiúnach a chur i gcontúirt, rud a rachadh i bhfeidhm ar shlándáil an Stáit, go háirithe i gcásanna polaitiúla agus i gcásanna a bhfuiltear ag éisteacht leo sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Tar éis na hargóintí a rinneadh a bhreithniú, fuair mé amach gur tuairimeach ó thaobh cineáil de a bhí an dochar a sainiú agus nach bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá nochtfaí na speansais a íocadh le breithiúna aonair in 2012, go ndéanfaí dochar do shlándáil an Stáit. Thug mé ar aird nach nochtfaí, dá ndéanfaí an iarraidh, ach méid iomlán na n-íocaíochtaí speansais a d'éiligh breithiúna sonracha as speansais a tabhaíodh agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu le linn 2012. Ní fhacthas dom gur tugadh aird ar an bhfíric gur stairiúil a bhí an fhaisnéis i gceist agus nár tugadh sa leibhéal sonraí ach cur síos ar chineál ginearálta an speansais, i.e. i dtaca le taisteal, le cothabháil, le feisteas breithimh agus le speansais theagmhasacha. Thug mé ar aird freisin gur féidir go minic aitheantas na mbreithiúna atá ina suí i roinnt cúirteanna ar aon lá ar leith a aithint ón Dialann Dlí a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna agus nár chosúil gur measadh an fhaisnéis sin a fhoilsítear sa Dialann Dlí, a bhí ar fáil don phobal cheana féin, a bheith ina riosca míchuí do shlándáil.

Chinn mé nár thug an tSeirbhís Chúirteanna údar lena breith diúltú do rochtain ar shonraí na speansas a d'éiligh gach breitheamh agus thug mé ordú go n-eiseofaí an fhaisnéis a bhíodhas ag iarraidh.

Comhairle Cathrach Chorcaí agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil - Uimh. cháis 140144

Sa chás seo, rinneadh iarraidh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar chóipeanna de litreacha lucht bainistíochta a eisíodh chuig bainisteoirí cathrach, bainisteoirí contae agus bainisteoirí baile i dtaca leis na hiniúchtaí reachtúla a rinne Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil (LGAS) de chuid na Roinne maidir leis na blianta airgeadais 2010, 2011 agus 2012. Chuaigh an Roinn i gcomhairle le gach Comhairle Cathrach agus

Comhairle Contae faoi alt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise sular tugadh breith na taifid a eisiúint le leas an phobail. Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí iarratas chuig an Oifig seo ar athbhreithniú ar an mbreith sin.

Ba é a bhí sna taifid i gceist ná litreacha a d'ullmhaigh an Roinn mar chuid dá hiniúchadh ar ráitis airgeadais bhliantúla na Comhairle le haghaidh na mblianta ábhartha. D'argóin an Chomhairle go raibh na taifid a bhíodhas ag iarraidh díolmhaithe óna n-eisiúint faoi alt 27 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Cé go bhforáiltear leis an alt sin go gcosnaítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, is cosúil go bhfuil roinnt éiginnteachta ann maidir le cé acu a fhéadfar é a chur i bhfeidhm chun leasanna tráchtála comhlachtaí poiblí a chosaint nó nach bhféadfar. Mar phrionsabal ginearálta, glacaim leis go ndírítear go príomha le halt 27 ar leasanna tráchtála na bpáirtithe atá i mbun gníomhaíocht tráchtála a chosaint. Nílím cinnte, mar sin, go bhfuil sé cuí ar fad do chomhlacht poiblí, atá i mbun seirbhísí poiblí a chur ar fáil, díolúine a éileamh faoi alt 27 le haghaidh a leasanna airgeadais a chosaint. Táim den tuairim go dtagann cosaint den chineál sin go ginearálta leis an díolúine a ndéantar foráil di in alt 31 den Acht um Shaoráil Faisnéise a bhaineann le leasanna eacnamaíocha an Stáit agus leasanna eacnamaíocha comhlachtaí poiblí a chosaint.

Mar sin féin, bhí mé sásta i dtosca an cháis seo glacadh leis nach dtoirmisctear an Chomhairle brath ar fhorálacha alt 27(1)(b) leis an Acht um Shaoráil Faisnéise sa chás go bhfuil sí ag maíomh go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá nochtfaí na litreacha lucht bainistíochta i gceist, go dtabhódh sí cailteanas airgeadais ábhartha.

D'argóin an Chomhairle go bhféadfaí na litreacha béim a leagan ar laigí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cailteanais airgeadais ábhartha dá n-eiseofaí iad. Níor aithin sí, áfach, aon fhaisnéis shonrach a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá n-eiseofaí í, go ndéanfadh sí an dochar atá measta. Bhí an Oifig seo den tuairim go bhfuil leas ag an bpobal in eolas a bheith aige gur aithníodh na laigí sin agus go bhfuiltear ag iarraidh ar chomhlachtaí poiblí glacadh le freagracht as dul i ngleic leis na laigí sin sa chás go n-aithníonn iniúchtaí laigí i meicníochtaí rialaithe inmheánaigh.

Chomh maith leis sin, d'argóin an Chomhairle go bhfreastalaítear go maith ar an bprionsabal um oscailteacht agus trédhearcacht le tuarascálacha ar leith a d'fhoilsigh Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil agus an Coiste Iniúcháireachta ina bhféadtar, agus ina ndéantar, gach údar imní atá aici a bheith á chur in iúl agus á phlé ina dhiaidh sin ag comhaltaí tofa agus, go deimhin, a thuairisciú sa phreas. Chinn an Oifig seo, áfach, nach gciallaíonn sé sin nach le leas an phobail atá meicníochtaí breise le haghaidh oscailteacht agus trédhearcacht den chineál sin a mhéadú. Thug an Oifig seo breithiúnas gur sháraigh leas an phobail maidir le rochtain a dheonú aon leas atá ag an bpobal i dtarraingt siar na dtaifead i gceist agus, dá bharr sin, thug sí ordú go n-eiseofaí na taifid.

An tUas. X agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) - Uimh. cháis 120260

Ba é a bhí i gceist leis an gcás seo ná an t-imscrúdú a rinne an BAI ar an gclár “Prime Time Investigates - Mission to Prey” a craoladh ar RTÉ an 23 Bealtaine 2011 agus as ar tháinig clúmhillleadh sagairt Éireannaigh a bhí ina mhisinéir sa Chéinia roimhe sin. Foilsíodh Tuarascáil Imscrúdaithe an BAI ina hiomláine i mí na Bealtaine 2012. Mar sin féin, ba é an cheist a cuireadh orm ná cé acu a bhí nó nach raibh cúis mhaith ag an BAI le diúltú do rochtain ar na nótaí agallaimh agus ar na haighneachtaí scríofa a rinne RTÉ agus lucht déanta an chláir aonair nó a rinneadh thar a gceann i dtaca leis an imscrúdú.

Sa bhreith a thug mé, d’aithin mé gur prionsabal seanbhunaithe i ndlí na hÉireann agus i ndlí na hEorpa é an prionsabal um “pribhléid iriseoireachta”, i.e. go bhfuil ábhar bunaidh iriseoireachta i dteideal cosaint speisialta d’fhonn an saorshreabhadh faisnéise chuig iriseoirí a chinntiú agus, dá bhrí sin, d’fhonn saoirse tuairimíochta a chosaint. Ghlac mé leis sna tosca go dteastaíonn rúndacht ó imscrúduithe craolacháin de ghnáth le go mbeidh siad éifeachtach agus go raibh údar le breith an BAI faoi alt 21(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise mar thoradh ar an mórdhochar a thiocfaí as nochtadh na dtaifead lena mbaineann.

An tUas. X agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Uimh. cháis 120291

Níos moille sa bhliain 2015, beidh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 maidir leis na taifid i seilbh an Gharda Síochána i dtaca le ceisteanna acmhainní daonna, airgeadais agus soláthair. Ní bheidh feidhm aige maidir leis na taifid ina sheilbh a bhaineann lena chuid feidhmeanna oibriúcháin. Mar sin féin, tagann cásanna aníos ó am go chéile ina n-ardaítear an cheist faoi rochtain ar thaifid a chruthaigh an Garda Síochána agus atá i seilbh comhlachtaí poiblí faoi réir Saoráil Faisnéise.

An taifead i gceist sa chás seo ba ea tuarascáil an Gharda Síochána chuig an Roinn faoi na ceolchoirmeacha i bPáirc an Fhionnuisce i mí Iúil 2012 as ar tháinig “eachtraí tromchúiseacha ainrialach poiblí”. Dhiúltaigh an Roinn rochtain a dheonú ar an tuarascáil faoi alt 23(1)(a)(iii) (forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail) agus faoi alt 26(1)(a) (faisnéis a fhaightear i modh rúin) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Chuir an Roinn agus an Garda Síochána araon údair imní in iúl faoi thaifid ina bhfuil faisnéis maidir le modheolaíochtaí póilíneachta a bheith á gcur ar fáil don phobal. D’áitigh siad go bhféadfaí, dá nochtfaí an fhaisnéis sa tuarascáil, “beag beann ar cé chomh neamhshuntasach atá sí”, an cumas atá ag an nGarda Síochána beatha agus maoin a chosaint.

Mar sin féin, ní dhíolmhaítear tuarascálacha an Gharda Síochána chuig an Aire mar aicme leis an Acht um Shaoráil Faisnéise. Níor shainaithin an Garda Síochána ná an Roinn na gnásanna póilíneachta nó na modheolaíochtaí póilíneachta a measadh a bheith i mbaol sa chás seo. Níor míníodh ach oiread conas a d’fhéadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndéanfaí dochar ar bith dá n-eiseofaí an tuarascáil. Mar sin féin, níor aimsigh mé aon bhunús le teacht ar an

gconclúid gur dóigh go n-imreodh eisiúint na tuarascála drochthionchar ar sholáthar faisnéise den chineál sin don Aire nó don Roinn sa todhchaí. Tháinig mé ar an gconclúid gur cheart an tuarascáil a eisiúint ina hiomláine, faoi réir eagrán chomhaontaithe áirithe.

An tUas. P agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite - Uimhreacha cáis 090261/62/63

Bhí sé seo ina chás tarchurtha ón mbliain 2009 (a tionscnaíodh in 2000 ar dtús) a bhaineann le hiarrataí a rinne an t-iarratasóir ar thaifid a bhaineann leis féin agus le hIníon X, a iar-leasiníon, a bhí ina mac léinn ollscoile 20 bliain d'aois tráth mo bhreithe. Bhain na taifid sin le mí-úsáid ghnéasach leanaí líomhnaithe ach bhí fianaise ann go ndearnadh na líomaintí sin chun críocha mailíseacha. Beag beann ar an bhfianaise ar mhailís, áfach, bhain na taifid le tosca teaghlach ag a raibh fadhbanna.

Agus an bhreith á tabhairt agam, shoiléirigh mé an cur chuige a ghlac mé maidir le triail cothromaithe leas an phobail, ag tabhairt aird ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás Ospidéal an Rotunda. Thug mé faoi deara go bhfuil slat tomhais oibiachtúil in ionad slat tomhais shuibiachtúil i gceist maidir le leas an phobail. I dtaca leis an gceist faoi chothroime nós imeachta, mhínigh mé go bhfuil leas mór ag an bpobal i bhfaisnéis a nochtadh a shoiléireadh cé acu a chomhlíon FSS agus an tOspidéal a gcuid feidhmeanna ar bhealach a bhí ag teacht leis na prionsabail um cheartas nádúrtha agus um cheartas bunreachtúil agus leis an gceart chun príobháideachta. Chuir mé in iúl go láidir, áfach, nach dtugann triail leas an phobail an t-údarás dom gearáin in aghaidh comhlachtaí poiblí a imscrúdú ná gníomhú mar mheicníocht mhalartach díospóide i dtaca le bearta a rinne comhlachtaí poiblí. Mar thoradh ar na taifid a eisíodh chuig an iarratasóir cheana féin, ar taifid iad a chomhlíon leas an phobail in oscailteacht agus cuntasacht go pointe éigin, tháinig mé ar an gconclúid nár leor, tríd is tríd, leas an phobail i rochtain ar na taifid eile i gceist a dheonú chun leas an phobail i seasamh leis na cearta chun príobháideachta a bhí ag na tríú páirtithe lena mbaineann a sháru.

[Tabhair faoi deara: Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt.]

An tUas. X agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Uimh. cháis 090077

Go mall sa bhliain 2008, rinne an t-iarratasóir iarraidh a chuimsigh 34 cuid chuig an Roinn ar thaifid a bhaineann leis na nithe seo: bealaí agus seirbhísí bus, Státchabhair, iniúchtaí, cigireachtaí, léirmhíniú reachtúil, comhairle, cumarsáid, lacáiste agus praghsanna díosail agus cúrsaí eile. Rinne sé an iarraidh sin tar éis don Roinn iarraidh den chineál céanna a rinneadh roimhe sin a chúngú. Phróiseáil an Roinn an iarraidh mhionathraithe ansin agus rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh a breithe chuig an Oifig seo sa deireadh i mí an Mhárta 2009. Eisíodh an bhreith a thug mé an 13 Samhain 2014.

Is mór an trua gur thóg sé cúig bliana leis an mbreith a thug mé sa chás seo a eisiúint. Go bunúsach, ní raibh ag an Oifig seo go dtí seo na hacmhainní foirne ba ghá a shannadh don iomad gné leathan éagsúil den iarratas seo ar athbhreithniú. Cibé scéal é, tá impleachtaí ag moill den chineál sin maidir le cé chomh comhaimseartha atá na taifid arna n-eisiúint. Sa chás ar leith seo, aistríodh feidhmeanna áirithe na Roinne agus a rialú ar thaifid ghaolmhara chuig an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) sna blianta idir eatarthu. Ós rud é nárbh fhéidir an tÚdarás Náisiúnta Iompair a cheangal le m'athbhreithniú, bhí mé den tuairim nach raibh de shainchúram orm a thuilleadh breithniú a dhéanamh ar na taifid a bhaineann leis an iarraidh a bhí i seilbh an Údaráis Náisiúnta Iompair ag an am sin. Cé go bhfuarthas amach sa deireadh gur díolmhaithe a bhí na taifid sin, glacaim leis ina ainneoin sin nach féidir glacadh leis an moill ar an athbhreithniú seo a phríoiseáil. Mar sin féin, táim cinnte go n-áiritheoidh próisis athbhreithnithe na hOifige seo nach dtiocfaidh moill dhoghlacltha den chineál sin aníos an athuair.

Cé gur breithníodh i m'athbhreithniú cé acu a thug an Roinn seo údar lena breith gan na taifid a measadh a bheith ábhartha do na codanna éagsúla den iarraidh a dheonú go hiomlán (ar diúltuithe iad ar sheas mé leo den chuid ba mhó), measaim go raibh an Roinn i dteideal diúltú d'iarraidh an iarratasóra ina hiomláine ar an gcéad dul síos faoi alt 10(1)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Is údar riaracháin é sin le diúltú a bheadh infheidhmithe dá n-éileadh géilleadh don iarraidh go ndéanfaí líon taifead chomh mór sin a aisghabháil agus a scrúdú go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair eile an chomhlachta poiblí lena mbaineann. Aithnítear leis an bhforáil an méid a d'fhéadfadh aisghabháil agus scrúdú na dtaifead tionchar a imirt ar obair comhlachtaí poiblí agus is féidir brath uirthi a luaite is a thugann an comhlacht cúnamh nó a thairgeann sé cúnamh a thabhairt d'iarthóir a (h)iarraidh a leasú le go mbeadh sé níos fusa í a bhainistiú ó thaobh an chomhlachta de (tá tagairt in alt 10(2)).

D'iarr an iarraidh sa chás seo 34 ceann de chatagóirí éagsúla taifid, a bhfuil roinnt díobh liostaithe thuas. Cuireadh na gnéithe go léir den iarraidh, gan trí cinn a áireamh, go han-leathan agus go doiléir (amhail "doiciméadúchán de chineál ar bith atá bainteach [leis]" an ábhar ar leith). Iarradh roinnt taifid ón mbliain 1990 i.e. roimh thosach feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise. Tugaim spreagadh do chomhlachtaí poiblí go rialta dul i mbun iarrataí ar Shaoráil Faisnéise ar bhealach réamhghníomhach agus ba léir gur le brí an Achta um Shaoráil Faisnéise a bhí breith na Roinne déileáil leis an iarraidh sin ar Shaoráil Faisnéise. Is léir, áfach, gur leagadh ualach ar an Roinn de chineál nach raibh beartaithe, i mo thuairimse, ag an Oireachtas agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise á rith aige le príoiseáil na hiarrata agus an athbhreithnithe inmheánaigh agus le déileáil le hathbhreithniú na hOifige seo.

An tUas. X agus Comhairle Contae na Mí - Uimh. cáis 120210

Is é cúlra an cháis seo bearta a rinne Comhairle Contae na Mí i gceist a bhain le forfheidhmiú pleanála. D'iarr an t-iarratasóir taifid a bhaineann le dhá Fhógra Feidhmiúcháin a d'eisigh an Chomhairle chuige in 2004 agus in 2009. Bhain an dá cheann díobh le sáruithe líomhnaithe

ar chead pleanála a deonaíodh don iarratasóir agus dá chuideachta tógála in 2002. In 2006 agus in 2010, chinn na Cúirteanna go raibh na Fógraí neamhbhailí agus lochtach ó thaobh nós imeachta de faoi seach.

Mhaígh an Chomhairle gur lean na taifid a bhreithnigh sí, a bhí ina dtaifid a chruthaigh an Chomhairle de bharr na gcásanna cúirte, ar aghaidh ag mealladh pribhléid dlíthíochta. Taifid a bheadh díolmhaithe óna dtaispeáint in imeachtaí i gcúirt ar fhoras pribhléid ghairmiúil dlíodóra, tá siad díolmhaithe óna n-eisiúint faoi alt 22(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Agus breithniú á dhéanamh agam ar mhaíomh na Comhairle maidir le pribhléid dlíthíochta, thug mé aird ar an mbreithiúnas a thug Finlay Geoghegan, J., an 21 Márta 2014 sa chás seo: an Coláiste Ollscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann v Bord Soláthair an Leictreachais [2014] IEHC 135. Agus a breithniú á tabhairt aici, chuir an Breitheamh Onórach Finlay Geoghegan in iúl go soiléir go bhfuil dualgas ar an bpáirtí a dhearbhaíonn pribhléid “a dhéanamh amach ... de réir dóchúlachta an ndearnadh dlíthíocht ... a thabhairt faoi deara nó a bhagairt ó [dáta ar leith].” Maidir le pribhléid dlíthíochta, murab ionann is pribhléid comhairle dlí, thug sí breithiúnas freisin “nach go huathoibríoch a leanann sí ar aghaidh tar éis chinneadh deiridh na dlíthíochta sin nó ... tar éis cinneadh deiridh dlíthíochta neasghaolmhaire.”

D’iarr an Oifig seo ar an gComhairle a dhéanamh amach go ndearnadh, de réir dóchúlachta, dlíthíocht maidir le sárúithe pleanála líomhnaithe a mhachnamh nó go raibh sí ar feitheamh nó a dhéanamh amach nár cuireadh dlíthíocht neasghaolmhar i gcrích, go ndearnadh í a mhachnamh nó go raibh sí ar feitheamh. Ba é freagra na Comhairle ná go bhfuil a “comhad dlíthíochta i dtaca leis [an iarratasóir] ina chomhad reatha fós” mar nach ndearnadh stádas pleanála fhorbairt an iarratasóra “a bhreith go breithiúnach go dtí seo”. D’argóin an Chomhairle go bhfuil féidearthacht ann fós go bhféadfadh an cheist teacht os comhair na gCúirteanna ní ba mhoille agus go bhféadfadh pribhléid dlíthíochta leanúint ar aghaidh tar éis chinneadh na nImeachtaí a tionscnaíodh go dtí seo.

Chinn mé nár thug an Chomhairle údar lena dearbhú go bhféadfadh pribhléid dlíthíochta leanúint ar aghaidh i dtosca an cháis. Ní hionann an fhéidearthacht go dtiocfaidh imeacht aníos am éigin, faoi mar atá sa tslat tomhais a éilíonn na Cúirteanna, agus go dtarlóidh sé de réir dóchúlachta. Dá bhrí sin, níor mheas mé gur thug an Chomhairle údar lena maíomh go nglacfaidh na Cúirteanna leis go bhfuil feidhm ag pribhléid ghairmiúil dlíodóra maidir leis na taifid ar an mbonn gur lean siad ar aghaidh ag mealladh aon phribhléide dlíthíochta a d’fhéadfadh a bheith acu tráth.

Amach ón bhfíric gur theip uirthi na hargóintí a iarradh uirthi a dhéanamh a chur i láthair, bhí an-díomá orm gur theip ar an gComhairle páirt a ghlacadh san iarraidh seo ar Shaoráil Faisnéise agus i m’athbhreithniú. Chuaigh ceithre mhí thart sular admhaigh an Chomhairle gur theip uirthi déileáil le cuid ghlan shoiléir amháin den iarraidh ach níor thug sí aon mhíniú ar a cliseadh déanamh amhlaidh ná ar cén fáth ar thóg sé an oiread sin ama freagairt do na hiarratais a rinne an Oifig seo arís is arís eile ar an míniú sin.

Chomh maith leis sin, chuaigh trí mhí thart sular dheimhnigh an Chomhairle gur chuir sí taifid ar fáil don iarratasóir faoi nósanna imeachta follasaithe Cúirte. Is toisc í sin atá ábhartha don bhreithniú ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh eisiúint na dtaifead sin faoi Shaoráil Faisnéise ina dhíspeagadh cúirte agus is toisc í ag a bhfuil feidhm ag alt 22(1)(b) ina leith. Theip uirthi na taifid a aimsíodh amhlaidh a shainaithint. Anuas air sin, is go bunúsach a bhain sé den iarratasóir an deis le hiarratas gaolmhar a tharraingt siar agus aisíocaíocht a tháille iarratais a fháil ós rud é nár chuir sí in iúl don Oifig seo go raibh an taifead i gceist sa chás sin faoi réir athbhreithniú sa chás reatha freisin.

Agus aird á tabhairt agam ar an dóigh ar phléigh an Chomhairle leis an iarratasóir agus leis an Oifig seo araon, mheas mé go raibh sé cuí an beart annamh a dhéanamh ordú a thabhairt don Chomhairle na taifid sin a fuair mé amach nach raibh díolmhaithe a eisiúint chuig an iarratasóir laistigh de 10 lá oibre tar éis dhul in éag na tréimhse le haghaidh achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.

HSE expects outpatient waiting times to be public later this year

Medical Independent – 11/09/2014

Revealed: public patients face two year delay for scans

Sunday Business Post – 07/09/2014

Caibidil 4: Staitisticí



Caibidil 4: Staitisticí

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí – 2014

Tábla 1:	Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 2:	Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin
Tábla 3:	Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra
Tábla 4:	Torthaí ar iarrataí Saoráil Faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 5:	Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo
Tábla 6:	Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse
Tábla 7:	Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla
Tábla 8:	Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (FSS)
Tábla 9:	Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéal dheonacha, rialaitheoirí na seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara
Tábla 10:	Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal
Tábla 11:	Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile
Tábla 12:	Táillí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

(Tugtar d'Aire: Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise).

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2014

- Tábla 13:** Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas
- Tábla 14:** Anailís ar chásanna athbhreithnithe
- Tábla 15:** Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2014 - de réir comhlacht poiblí
- Tábla 16:** Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana
- Tábla 17:** Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo - comparáid trí bliana
- Tábla 18:** Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana
- Tábla 19:** Gnathfhiosruithe
- Tábla 20:** Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

Roinn I – Comhlachtaí poiblí - 2014

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratais idir lámha - 01/01/2014	3,232
Iarratais a fuarthas i 2014	
Pearsanta	15,548
Neamhphearsanta	4,600
Measctha	96
Iomlán	20,244
Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana	23,476
Iarratais ar déileáladh leo	19,262
Iarratais idir lámha - 31/12/2014	4,214

Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin

	Líon	Céatadán
Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil	19,262	100%
Comhlachtaí poiblí leo athbhreithnithe inmheánacha	586	3%
a fuair comhlachtaí poiblí iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	252	1%

Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	2,346	12%
Lucht gnó	775	4%
Comhaltaí den Oireachtas	114	0%*
Baill foirne comhlachtaí poiblí	644	3%
Cliaint foirne comhlachtaí poiblí	13,765	68%
Eile	2,600	13%
Iomlán	20,244	100%

* Is ionann an céatadán iarbhír agus 0.6%

Tábla 4: Torthaí ar iarrataí Saoráil Faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	11,896	62%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	3,691	19%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	1,958	10%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	294	2%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de shaoráil faisnéise	1,423	7%
Iomlán	19,262	100%

Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo

	% Céatadán dár géilleadh	% Céatadán dár géilleadh ibpáirt	% Céatadán a diúltaíodh	% Céatadán a aistríodh	% Céatadán a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	42%	33%	13%	1%	11%
Údaráis Áitiúla	50%	31%	14%	0%	5%
FSS	75%	12%	9%	1%	3%
Ospidéal Shaoráacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	77%	4%	6%	2%	11%
Institiúidí Tríú Leibhéal	65%	21%	7%	0%	7%
Comhlachtaí Eile	54%	30%	6%	1%	9%

Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse

	Pearsanta	Neamh- phearsanta	Measctha	Iomlán
Rannóg/Oifig na Státseirbhíse				
An Roinn Coimirce Sóisialaí	2,070	119	4	2,193
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	720	198	2	920
An Roinn Oideachais agus Scileanna	172	127	4	303
Na Fórsaí Cosanta	205	18	1	224
An Roinn Sláinte	10	199	0	209
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	104	104	0	208
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	112	89	4	205
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	103	102	0	205
An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil	14	166	0	180
Roinn an Taoisigh	13	160	0	173
An Roinn Airgeadais	3	162	0	165
Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	134	0	0	134
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	34	83	0	117
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	5	88	0	93
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	4	80	0	84
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nádúrtha	3	71	0	74
Seirbhís Tithe an Oireachtais	1	70	1	72
An Roinn Post, Fiontar, agus Nuálaíochta	12	49	1	62
Oifig na nOibreacha Poiblí	8	33	2	43
Seirbhís Chúirteanna	8	29	6	43
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí	2	35	0	37
An tSeirbhís um Ceapacháin Phoiblí	16	6	0	22
Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	11	3	0	14
Oifig an Ombudsman	10	4	0	14
An Roinn Cosanta	5	6	0	11
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	1	1	2	4
Iomlán	3,780	2,002	27	5,809

Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla

Údaráis Áitiúil*	Pearsanta	Neamh- phearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	132	168	3	303
Comhairle Chontae Chorcaí	37	69	4	110
Comhairle Cathrach Chorcaí	5	87	0	92
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	34	43	0	77
Comhairle Cathrach Luimní	29	44	0	73
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin	30	41	0	71
Comhairle Chontae Mhuigh Eó	7	50	0	57
Comhairle Chontae Fhine Gall	16	38	0	54
Comhairle Chontae na Gaillimhe	5	46	0	51
Comhairle Chontae an Chláir	10	38	1	49
Comhairle Chontae Chiarraí	2	38	7	47
Comhairle Chontae na Mí	5	41	1	47
Comhairle Chontae Dhún na Gall	9	37	0	46
Comhairle Chontae Chill Dara	10	35	0	45
Comhairle Chontae Lú	15	28	2	45
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	7	32	3	42
Comhairle Chontae Loch Garman	11	30	0	41
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	2	37	0	39
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	16	21	0	37
Comhairle Chontae Cheatharlocha	6	26	0	32
Comhairle Chontae Laoise	18	10	0	28
Comhairle Cathrach Phort Láirge	9	19	0	28
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	4	23	0	27
Comhairle Chontae Ros Comáin	2	19	1	22
Comhairle Chontae Sligeach	5	16	0	21
Comhairle Chontae na h-Iarmhí	3	17	0	20
Comhairle Chontae Liatroma	2	17	0	19
Comhairle Chontae Longfoirt	7	9	1	17
Comhairle Chontae Uibh Fhailí	3	11	1	15

Comhairle Chontae Mhuineacháin	4	9	1	14
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	0	13	0	13
Comhairle Chontae Luimní	1	7	0	8
Comhairle Chontae Phort Láirge	1	7	0	8
Comhairle Chontae an Chabháin	0	5	0	5
Iomlán	447	1,131	25	1,603
Údaráis Réigiúnda	0	7	0	7
Comhthionóil Réigiúnda	0	4	0	4
*Tá figiúirí le haghaidh Comhairlí Baile agus Comhairlí Buirge istigh sna figiúirí den Chontae sin				

Tábla 8: Iarratais um SF a fuair FSS (seachas gníomhaireachtaí áirithe a chlúdaítear i dTábla 9)

Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
FSS Deisceart	3,012	62	0	3,074
FSS Iarthair	2,282	121	4	2,407
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuidh	837	26	1	864
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	771	22	1	794
Iarrataí Náisiúnta	6	321	0	327
Iomlán	6,908	552	6	7,466
*De réir struchtúr réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte				

Tábla 9: Iarratais um SF a fuair ospidéal dheonacha, rialaitheoirí na seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

Ospidéal/Seirbhís/Gníomhaireacht*	Pearsanta	Neamh- phearsanta	Measctha	Iomlán
Ospidéal na hOllscoile na Trócaire, Corcaigh	712	3	0	715
Ospidéal Naoimh Shéamais	495	6	0	501
Ospidéal Thamhlachta	404	5	0	409
Ospidéal Rotunda	267	13	0	280
Ospidéal Mater Misericordiae	263	13	0	276
Ospidéal Beaumont	253	15	0	268
Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	201	8	0	209
Ospidéal na hOllscoile Naoimh Uinseann	183	10	0	193
Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn	183	6	0	189
Ospidéal Naoimh Eoin, Luimneach	163	0	0	163
Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill	147	7	0	154
Ospidéal Ban an Chúm	149	3	0	152
Ollscoil Otharlann an Deiscirt - Ospidéal Viceoria, Corcaigh	115	1	0	116
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapach	96	0	0	96
Ord Spidiléirí N. Eoin Dé	36	0	0	36
Ospidéal Ríoga Victeoiriach Súl agus Cluas	34	0	0	34
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	11	21	1	33
Comhairle na nDochtúirí Leighis	22	11	0	33
Ospidéal Náisiúnta Athslánúcháin, Dún Laoghaire	31	1	0	32
An Lárchlinic Feabhais	21	4	0	25
Ospidéal Naoimh Uinsionn - Fionnradharc	24	0	0	24
Coimisiún Meabhair-Shláinte	18	4	0	22
Ospidéal Naoimh Micheál, Dún Laoghaire	16	0	0	16
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	0	14	0	14
Ospidéal Déadach Bhaile Átha Cliath	11	0	1	12
Enable Ireland	10	1	0	11
Eile	32	20	5	57
Iomlán	3,897	166	7	4,070

*Agus an Tuarascáil seo á priontáil, ní raibh fáil ar na figiúirí le haghaidh iarrataí Saoráil Faisnéise a rinneadh chuig TUSLA - an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal

Comhlacht Oideachais Tríú Leibhéal	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	77	26	0	103
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	22	18	0	40
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	14	15	3	32
Coláiste na Tríonóide	11	19	1	31
Ollscoil Luimnigh	7	18	1	26
Institiúid Teichneolaíochta Chorcaí	5	20	0	25
Ollscois Chathair Bhaile Átha Cliath	6	13	0	19
Institiúid Teichneolaíochta Bhaile Átha Cliath	6	13	0	19
Institiúid Teichneolaíochta Phort Láirge	2	11	1	14
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	2	8	0	10
Coláiste Phádraig	4	6	0	10
Institiúid Teichneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	1	9	0	10
Comhlachtaí Eile	14	58	2	74
Iomlán	171	234	8	413

Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
Uisce Éireann	11	77	0	88
RTÉ	1	55	0	56
Údarás Slainte agus Sabáilteachta	32	4	1	37
Príomh-Oifigeach Míochaine don Státseirbhís	27	0	0	27
Comhairle Ealaíon	3	21	0	24
Seirbhís Fuilistriúchain na hÉireann	8	12	3	23
Coimisiún Rialáil Cumarsáide	15	5	0	20
Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	7	12	0	19
Comhairle Spóirt na hÉireann	6	13	0	19
Pobal	2	16	1	19

Seirbhís Phromhaidh	17	2	0	19
Údarás Craolacháin na hÉireann	0	18	0	18
Údarás Náisiúnta Iompair	6	12	0	18
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte	0	17	0	17
Iascach Intíre Éireann	1	12	4	17
Bord um Chúnadh Dlíthiúl	12	3	1	16
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	13	3	0	16
An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna	1	13	2	16
GFT Éireann	0	15	0	15
Fáilte Éireann	1	12	0	13
Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí	0	12	0	12
Údarás um Bóithre Náisiúnta	0	10	0	10
Eile (92 chomhlacht le níos lú ná 10 iarrataisí an ceann)	32	141	8	181
Iomlán	195	485	20	700

Tábla 12: Táillí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

	Iarratas Bunúsach	Cuardach & Aisfháil	Athbheirteánú Inmheanach	Ais íocaíochtaí	Táillí Glan
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	€21,540.35	€12,941.01	€4,615.00	€2,579.87	€36,516.49
Údaráis Áitiúla	€11,320.00	€2,054.01	€2,995.00	€235.00	€16,134.01
FSS	€4,880.00	€728.00	€215.00	€895.00	€4,928.00
Ospidéal Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	€1,750.00	€3,803.70	€450.00	€45.00	€5,958.70
Institiúidí Tríú Leibhéal	€1,831.35	€119.23	€255.00	€285.00	€1,920.58
Comhlachtaí Eile	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00	€0.00
Iomlán	€41,321.70	€19,645.95	€8,530.00	€4,039.87	€65,457.78

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2014

Tábla 13: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas

larratais ar athbhreithniú idir lámha - 01/01/2014	30
larratais ar athbhreithniú a fuarthas i 2014	355
lomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2014	385
Scoradh den iarratas	7
larratais neamhbhailí	95
larratais a tharraingíodh siar	15
larratais a dhiúltóidh	3
larratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2014	252
lomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a bhreithníodh i 2014	372
larratais ar athbhreithniú lámha - 31/12/2014	13

Tábla 14: Anailís ar chásanna athbhreithnithe

Athbhreithnithe idir lámha - 01/01/2014	204
larratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2014	252
lomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2014	456
Athbhreithnithe a críochnaíodh i 2014	340
Athbhreithnithe ar chuirthear ar aghaidh go 2015	116

Tábla 15: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2014 - de réir comhlacht poiblí

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		62
FSS Iarrataisí Náisiúnta	22	
FSS Deisceart	16	
FSS Iarthair	11	
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	9	
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	4	
An Roinn Coimirce Sóisialaí		23
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais		18
Óglaigh na hÉireann		8
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara		7
An Roinn Airgeadais		5
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe		5
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath		5
Bord na gCon		5
Bord um Chúnamh Dlíthiúl		5
Eile (chomhlacht le níos lú ná 5 athbhreithniú an ceann)		109
Iomlán		252

Tábla 16: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana

	2014	%	2013	%	2012	%
Breith Dearbhaithe	154	45%	104	40%	84	42%
Breith Neamhnithe	17	5%	29	11%	12	6%
Breith Athraithe	31	9%	18	7%	8	4%
Scoradh den Iarratas	19	6%	8	3%	6	3%
Thangthas ar shocrú	74	22%	35	14%	39	20%
Tarraingthe siar	45	13%	64	25%	51	25%
Athbhreithnithe Críochnaithe	340	100%	258	100%	200	100%

Tábla 17: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo – comparáid trí bliana

	2014	%	2013	%	2012	%
Diúltú Rochtanna	211	84%	217	84%	212	90%
Agóidí ag tríú pairtithe i gcoinne scaoilte faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	8	3%	16	6%	8	3%
Leasú ar thaifid faoi alt 17	7	3%	9	3%	8	3%
Ráiteas cúiseanna faoi alt 18	24	9%	11	4%	6	3%
Breith chun táille a ghearradh	2	1%	7	3%	2	1%
Iarratais ar Glacadh leo	252	100%	260	100%	236	100%

Tábla 18: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana

	2014	%	2013	%	2012	%
Pearsanta	110	44%	102	39%	94	40%
Neamhphearsanta	108	43%	125	48%	115	49%
Measctha	34	13%	33	13%	27	11%
Iomlán	252	100%	260	100%	236	100%

Tábla 19: Gnathfhiosruithe

Bliain	Líon
2014	1,274
2013	1,218
2012	1,262
2011	824
2010	622
2009	857
2008	1,100
2007	1,315
2006	1,551
2005	1,396

Tábla 20: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

Gan Breith tugtha ar Bhuniarratais ná ar Athbhreithniú Inmheánach			
Comhlacht Poiblí	2014	2013	2012
FSS – Náisiúnta	6	2	12
FSS Deisceart	5	1	-
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	4	4	-
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	3	4	3
FSS Iarthair	3	1	1
TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	3	-	-
Comhairle Contae Chorcaí	2	3	1
Bord na gCon	2	-	2
Comhairle Cathrach Chorcaí	1	-	-
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	1	-	-
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí	1	-	1
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	1	-	-
Shannon Development	1	-	-
Ospidéal Naoimh Shéamais	1	-	-
Iomlán 2014	34		

**Revenue probe 150
high rollers over
offshore tax scheme**

Sunday Business Post - 10/08/2014

FOI fees to be abolished

Galway Advertiser - 03/07/2014

**FOI request
unveils County
Council figures**

Longford Leader - 09/05/2014

**Lack of transparency over
payments isn't good for democracy**

Irish Independent - 06/05/2014



Oifig an Choimisinéara um Faisnéis Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Cuid II – An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil



Réamhrá

Sa bhliain faoi thrácht, arbh í an chéad bhliain iomlán a chaith mé mar Choimisinéir Faisnéise agus mar Choimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil, b'éigean dom roghanna deacra a dhéanamh maidir leis an leithdháileadh acmhainní idir an dá oifig. Déanfaidh mé mionphlé ar cheist na n-acmhainní thíos. Bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil (OCFC) faoi Airteagal 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil). Tá na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil bunaithe ar Threoir 2003/4/CE maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Foráiltear leis na Rialacháin do chóras rochtana a chur ar bun in Éirinn atá ar leithligh ó chóras rochtana an Achta um Shaoráil Faisnéise. Dá bhrí sin, tá an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil neamhspleách ó thaobh an dlí de ar an ról atá agam mar Choimisinéir Faisnéise. Mar sin féin, foráiltear le hAirteagal 12(10) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil go bhfaighidh an Coimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil cúnamh ó fhoireann Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) agus, dá bhrí sin, ó acmhainní eile atá ar fáil don Oifig sin. Mar sin, imríonn feidhmiú OCF tionchar dosheachanta ar fheidhmíocht OCFC, mar a pléadh i dTuarascáil na bliana seo caite. Mar fhocal dearfach, rinneadh leasú a raibh an-fhálte roimhe ar na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, rud lenar foráladh do laghdú sna táillí achomhairc. Tháinig an laghdú sin sna sála ar achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, rud lenar áiríodh laghdú i dtáillí Saoráil Faisnéise freisin.


Baineann an ceart rochtana faoi na Rialacháin maidir le Faisnéis faoin gComhshaoil le “faisnéis faoin gcomhshaoil” atá á sealbhú ag “údarás poiblí”, de réir bhrí na Rialachán, nó thar a cheann. Is é an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna údarás poiblí atá á n-achomharc ag iarratasóirí nach bhfuil sásta leis an toradh ar a n-iarrataí ar fhaisnéis faoi na Rialacháin. Tagann ceart achomhairc chuig an Oifig seo chun cinn freisin i gcásanna ina maíonn an comhlacht nó an duine lena mbaineann iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil nach údarás poiblí é de réir bhrí na Rialachán. Tá mo chuid breitheanna ar achomharc críochnaitheach agus ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann, ach amháin i gcásanna ina ndéantar achomharc eile chuig an Ard-Chúirt ar phoncanna dlí laistigh de dhá mhí ó dháta na breithe lena mbaineann.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi fheidhmiú an chórais rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol in Éirinn, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag www.ocei.gov.ie, áit a bhfuil nasc le Tuarascálacha Bliantúla ón Oifig seo, nasc le suíomh Gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Treoir 2003/4/CE.

Achomhairc agus ceisteanna


Le linn na bliana 2014, fuair an Oifig seo 18 n-achomharc. Thuairiscigh an Oifig seo gur bhain 3 cinn de na hachomhairc sin le cásanna inar measadh an iarraidh lena mbaineann a bheith diúltaithe ag an gcéim bhunaidh agus/nó ag céim bhreith an athbhreithnithe inmheánaigh, figiúr arbh fheabhas suntasach é ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Meastar iarraidh a bheith diúltaithe i gcásanna ina dteipeann ar an údarás poiblí breith ar an iarraidh a eisiúint laistigh den teorainn ama iomchuí a shonraítear sna Rialacháin (mí amháin, de ghnáth).

Líon na n-achomharc a fuarthas



Dúnadh ceithre achomharc déag le linn na bliana. Níor tháinig breith fhoirmiúil ach as ceann amháin de na hachomhairc sin. Tá buaicphointí ina leith sin leagtha amach thíos. Tá an bhreith foilsithe ina hiomláine ar shuíomh Gréasáin na hOifige seo ag www.ocei.gov.ie.

Toradh ar achomhairc chuig CFC de réir bliana




Rinneadh sé achomharc a tharraingt siar nó a mheas a bheith tarraingthe siar toisc gur aontaigh an t-údarás poiblí lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil trína foilsíú nó ar shlí eile. Bhí idirghabháil dhíreach ón Oifig seo i gceist le dhá cheann de na cásanna sin. Pléifear na cásanna sin thíos. I gceithre cinn de na cásanna, áfach, d'aontaigh an t-údarás poiblí lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil as a stuaim féin tar éis an t-achomharc a chur isteach.

Tarraingíodh dhá achomharc eile siar i bhfianaise na breithe a thóg an Oifig seo go luath sa bhliain 2014 an t-achomharc a rinne sí chuig an gCúirt Uachtarach a tharraingt siar sa chás An Taoiseach v. An Coimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil [2010] IEHC 241. Tarraingíodh achomharc eile siar toisc gur ghlac an t-achomharcóir le tuairim na hOifige seo nach raibh an fhaisnéis a iarradh i seilbh an údaráis poiblí lena mbaineann. Measadh gurbh achomhairc neamhbhailí iad na hachomhairc eile a dúnadh sa bhliain 2014, go príomha mar gheall nach ndearnadh aon iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ina leith.

Ba as iarrataí chuig ranna rialtais agus chuig údaráis áitiúla a tháinig leath na n-achomharc anuraidh. I measc na n-údarás poiblí eile a ndearnadh achomharc in aghaidh a mbreitheanna, bhí an Bord Pleanála, Bord na Móna, Coillte, Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais agus EirGrid. In dhá chás, mhaígh na comhlachtaí nach údaráis poiblí iad de réir bhrí na Rialachán.

Bhí trí chás is fiche idir lámha ag deireadh na bliana. B'ionann é sin agus méadú ceithre chás ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Thuairiscigh an fhoireann go bhfuarthas 42 ceist ghinearálta faoi na Rialacháin.

Líon na n-achomharc idir lámha de réir bliana



Airteagal 12(6) de na Rialacháin

Le hAirteagal 12(6), tugtar cumhachtaí áirithe dom maidir le déileáil le hachomharc. Féadfaidh mé:

- ceangal ar údarás poiblí faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil dom,
- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh údarás áitiúil agus cóipeanna a dhéanamh den fhaisnéis sin, agus
- dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag údarás poiblí d'fhonn faisnéis faoin gcomhshaol a fháil

Tá áthas orm a thuairisciú nár ghá dom an fhoráil sin a agairt sa bhliain 2014.

Cásanna suntasacha

Cás CEI/13/0006 – An tUas. Stephen Minch agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an Roinn) – Breith an 18 Nollaig 2014

Maidir le cé acu a bhí nó nach raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh do rochtain ar an tuarascáil dar teideal “Analysis of options for potential State intervention in the roll out of next-generation broadband” ar an bhforas nach faisnéis faoin gcomhshaol de réir bhrí na Rialachán í an fhaisnéis lena mbaineann.

Chun go bhféadfaidh an fhaisnéis cáiliú mar “faisnéis faoin gcomhshaol” chun críocha na Rialachán, dheimhnigh mé sa bhreith sin gur gá go dtiocfaidh an fhaisnéis faoi cheann amháin de na sé chatagóir atá leagtha amach sa sainmhíniú in Airteagal 3(1); ní leor baint a bheith ag

an bhfaisnéis a iarradh le ceann amháin de na sé chatagóir, is cuma cé chomh mór nó chomh beag atá an bhaint sin. Thug mé faoi deara freisin go dtugtar le fios leis an mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-524/09, Ville de Lyon (22 Nollaig 2010), inar pléadh le hiarraidh ar rochtain ar shonraí trádála a bhain le lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa, nach gá go gcáilíonn gach cineál faisnéise a bhfuil baint de chineál éigin acu le hastaíochtaí gás ceaptha teasa mar fhaisnéis faoin gcomhshaoil de réir bhrí na Treorach. Tar éis dom scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil sa tuarascáil, tháinig mé ar an tuairim go mbaineann an tuarascáil leis na himpleachtaí costais don Stát atá ag gabháil le cineálacha éagsúla bhonneagar leathanbhanda na chéad ghlúine eile a chur i bhfeidhm i gceantair a ndéanann an earnáil phríobháideach tearcfhreastal orthu faoi láthair. Níor aimsigh mé aon bhonn le teacht ar an gconclúid go gcáilíonn an fhaisnéis mar fhaisnéis faoin gcomhshaoil de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) ná (c), mar a dúirt an t-achomharcóir.

Rinne mé breithniú freisin ar an gceist maidir le cé acu is “beart” an Plean Náisiúnta Leathanbhanda féin de réir bhrí Airteagal 3(1)(c) nó nach ea, rud a d’fhágfadh go gcáileodh an tuarascáil a iarradh mar fhaisnéis faoin gcomhshaoil faoi mhír (e). Thug mé faoi deara, áfach, nach bhfuil an Plean Náisiúnta Leathanbhanda ach ina straitéis ardleibhéil lena leagtar spriocanna síos chun leathanbhanda ardluais a sholáthar ar fud na hÉireann. Fuair mé amach nach bhfuil an Plean Náisiúnta Leathanbhanda féin ina bheart a théann i bhfeidhm, nó ar dóigh dó dul i bhfeidhm, ar na gnéithe comhshaoil nó ar na tosca comhshaoil dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) den sainmhíniú toisc gur an-bheag atá an nasc idir an plean agus aon tionchar a bheidh ann ar an gcomhshaoil, murab ionann agus na bearta agus na gníomhaíochtaí a d’fhéadfaí a ghlacadh chun an plean a chur chun feidhme. Tháinig mé ar an gconclúid go raibh an ceart ag an Roinn diúltú don iarraidh ón achomharcóir sa chás seo.

[Tabhair faoi deara: Rinne an t-iarraitasóir achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt; beidh an éisteacht ar siúl an 25 Meitheamh 2015.]

Cás CEI/12/0007 – An tUas. David Healy, Cairde Chomhshaoil na hÉireann, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) – Measadh an t-achomharc a bheith tarraingthe siar an 11 Meitheamh 2014

Maidir le cé acu a bhí nó nach raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh do rochtain ar leagan neamhchurtha in eagar de “Irish Water: Phase 1 Report” agus de na hAguisíní leis an tuarascáil sin.

Bhain an cheist sa chás seo le cé acu a bhí nó nach raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh do rochtain ar fhaisnéis a bhain le riachtanais mhaoiniúcháin Uisce Éireann agus le muirir uisce amach anseo. Níor dhíospóid an Roinn gurbh fhaisnéis faoin gcomhshaoil í an fhaisnéis a iarradh, a bhí curtha in eagar ó leagan foilsithe den tuarascáil lena mbaineann, ach dhiúltaigh sí géilleadh do rochtain faoi Airteagail 8(a)(iv) (rúndacht imeachtaí údarás poiblí), 8(b) (rúndacht Comh-aireachta), agus 9(1)(c) (rúndacht tráchtála nó thionsclaíoch) de na Rialacháin.

Le linn an athbhreithnithe, bhuail an Oifig seo le hoifigigh ón Roinn chun roinnt ábhair imní a phlé, go háirithe an spleáchas a bhí ag an Roinn ar dhíolúintí Saoráil Faisnéise a úsáid mar bhonn le diúltú géilleadh d'iarrataí faoi Airteagal 8(a)(iv) de na Rialacháin. Ní rabhtas in ann teacht ar aon réiteach ar an ábhar ag an gcruinniú. Ina dhiaidh sin, agus ag féachaint don bhreithiúnas ó O'Neill, J. sa chás *An Taoiseach v. An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil* [2010] IEHC 241, rinne an Roinn éileamh nua ar dhiúltú faoi Airteagal 9(2)(d), rud a bhain le cumarsáid inmheánach údarás poiblí.

Tar éis tuilleadh comhfhreagrais eadrainn, áfach, chuir an Roinn in iúl ar deireadh go mbeadh sí sásta an tuarascáil a fhoilsiú ina hiomláine faoi réir cead a fháil ón Rialtas. Thug an Roinn fógra don Oifig seo an 29 Bealtaine 2014 gur thug an Rialtas cead di an tuarascáil a fhoilsiú ina hiomláine agus go raibh sí ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Chuir an Oifig seo an méid sin in iúl don achomharcóir. Níor ardaigh sé aon ábhair imní eile ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, measadh an t-achomharc a bheith tarraingthe siar.

Cás CEI/12/0009 – An tUas. Damien McCallig agus EirGrid – Measadh an t-achomharc a bheith tarraingthe siar an 8 Iúil 2014

Maidir le cé acu atá nó nach bhfuil achomharc ag teastáil i gcásanna nach bhfuil aon saincheist eile le socrú iontu

Bhain an cás seo le diúltú ag EirGrid géilleadh do rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil a bhain le hiarratas ar nasc eangaí ó thríú páirtí. Ba é Airteagal 9(1)(c) an príomhfhóras le diúltú, ag féachaint do Threoir ón mbliain 2009 agus do Rialacháin ghaolmhara lenar foráladh do rúndacht faisnéise tráchtála íogaire a bhí i seilbh an oibreora córais tarchurtha.

Le linn an athbhreithnithe, bhuail an Oifig seo le hionadaí ó EirGrid agus chuaigh sí i gcomhairle leis an tríú páirtí lena mbaineann. Leag an Oifig seo béim ar an bhfíric go bhfuil sé soiléir i scéim na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, agus i scéim na Treorach ar a bhfuil na Rialacháin bunaithe, go bhfuil toimhde ann i bhfabhar faisnéis faoin gcomhshaoil a eisiúint. Aontaíodh ar deireadh go bhféadfaí an fhaisnéis a iarradh a eisiúint go hiomlán. Tar éis an fhaisnéis a iarradh a eisiúint, d'ardaigh an t-achomharcóir ceisteanna a bhain le cineál rochtana agus cuardaigh, agus dhéileáil EirGrid go sásúil leis an dá cheann díobh. Dá bhrí sin, mhol an Oifig seo don achomharcóir go measfaí an t-achomharc uaidh a bheith tarraingthe siar.

Chuir an t-achomharcóir ina aghaidh sin agus d'iarr sé orm breith fhoirmiúil a eisiúint ar an ábhar. Luaitear in Airteagal 15(5) de na Rialacháin: “Féadfaidh an Coimisinéir achomharc a mheas a bheith tarraingthe siar i gcásanna ina gcuireann an t-údarás poiblí an fhaisnéis a iarradh ar fáil go hiomlán nó go páirteach roimh bhreith fhoirmiúil ón gCoimisinéir faoi airteagal 12(5) [aistriúchán neamhoifigiúil].” Sa chás seo, rinneadh an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhí i seilbh EirGrid a eisiúint don achomharcóir agus ní raibh aon saincheist eile le socrú ann. Sna cúinsí sin, chinn mé leas a bhaint as mo rogha chun an t-achomharc a mheas a bheith tarraingthe siar beag beann ar agóid luaite an achomharcóra ina aghaidh sin.

Imeachtaí san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach

Aon pháirtí in achomharc chuig an Oifig seo, nó aon duine eile a ndéanann breith uaim difear dó/dí, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phoncanna dlí a thagann as an mbreith sin. Ní dhearnadh aon achomhairc nua chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2014. I mí na Nollag, áfach, rinne Cairde Chomhshaoil na hÉireann iarratas ar athbhreithniú breithiúnach chuig an Ard-Chúirt, agus iad ar lorg ordú mandámuis a fháil i ndáil le hachomharc a rinneadh chuig an Oifig seo i mí Iúil 2014.

Chríochnaigh an Chúirt Uachtarach a héisteacht i mí Iúil sa chás An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) v. An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil (CEI/10/0005), rud a bhaineann leis an gceist maidir le cé acu is údarás poiblí í GNBS de réir bhrí na Rialachán nó nach ea. Táthar ar feitheamh breithiúnais agus é seo á scríobh.

Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe

Meastar iarraidh a bheith diúltaithe i gcásanna ina dteipeann ar an údarás poiblí breith ar an iarraidh a eisiúint laistigh den teorainn ama iomchuí a shonraítear sna Rialacháin (mí amháin, de ghnáth).

Sa bhliain 2014, thuairiscigh an Oifig seo iarrataí a measadh a bheith diúltaithe i gcás trí údarás poiblí nár thug freagra ar iarraidh laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear sna Rialacháin. B'ionann an figiúr sin agus feabhas suntasach ar na seacht gcinn a bhí ann an bhliain roimhe, arbh í an bhliain inar thosaigh mé ag tabhairt tuairisc ar shonraí na n-údarás poiblí lena mbaineann.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim

Thuairiscigh an Oifig seo dhá iarratas chuig údaráis poiblí mar chinn a measadh a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim den iarraidh. Is iad seo a leanas na húdaráis poiblí lena mbaineann:

- Bord na Móna, agus
- Comhairle Contae Loch Garman.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dara céim

Thuairiscigh an Oifig seo trí iarratas chuig údaráis poiblí mar chinn a measadh a bheith diúltaithe ag an dara céim den iarraidh. Is iad seo a leanas na húdaráis poiblí lena mbaineann:


- Bord na Móna,
- Comhairle Contae Loch Garman, agus
- An Roinn Talmhaíochta. (Ba é an 18 Iúil 2014 an dáta ar bhreith athbhreithnithe inmheánaigh na Roinne, ach níor eisíodh í go dtí an 5 Lúnasa 2014 agus bhí sí lá amháin déanach dá bharr sin.)

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dá chéim

Thuairiscigh an Oifig seo dhá cheann de na hiarrataí atá luaite thuas mar chinn a measadh a bheith diúltaithe ag an dá chéim den iarraidh. Is iad seo a leanas na húdaráis phoiblí lena mbaineann:

- Bord na Móna, agus
- Comhairle Contae Loch Garman. (Tugaim faoi deara, áfach, go ndíospóideann an Chomhairle a bhailí atá an iarraidh i bhfianaise cheanglais theicniúla Airteagal 6(1) de na Rialacháin.)

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe



Saincheistanna a tháinig chun cinn agus ábhair eile spéise

Sa bhliain 2014, tharla sé gurbh iad na roghanna a rinne mé maidir le leithdháileadh na n-acmhainní teoranta a bhí ar fáil dom ba chúis leis an méadú a tuairiscíodh thuas i riaráiste na gcásanna idir lámha a bhí ag OCFC. Os a choinne sin, áfach, bhí a lán forbairtí dearfacha ann anuraidh as a dtiocfaidh feabhsuithe i bhfeidhmiú chóras na rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol in Éirinn. Tá athrú dearfach amháin i bhfeidhm cheana féin. Is é sin, an laghdú ar tháillí achomhairc ó €150/50 go €50/15.

Acmhainní

Mar a thuairiscigh mé cheana féin, tá tearcacmhainní á gcur ar fáil do OCFC le fada an lá. Cé gur Oifig í atá neamhspleách ó thaobh an dlí de, ní bhfuair OCFC aon leithdháileadh maoiniúcháin ar leith ón Stát ach go dtí le gairid agus, dá bharr sin, b'éigean di brath ar na hacmhainní a d'fhéadfadh Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) a chur ar fáil di. Mar sin féin, tá dúshlán mhóra roimh OCF féin óna bunú maidir le leibhéal cuí maoiniúcháin a fháil ag féachaint don éileamh ar a cuid seirbhísí. Dá bhrí sin, ba bheag acmhainn le spáráil ag OCF agus meastar go mbeidh méadú suntasach ann ar éileamh nuair a thosófar ag fáil iarratais ar athbhreithniú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Sa chomhthéacs sin, b'éigean dom smaoineamh faoin dóigh ab fhearr chun obair fhoriomlán na hOifige a chur ar aghaidh laistigh de na hacmhainní teoranta a bhí ar fáil dom. Bhí sé mar thosaíocht dom sa bhliain 2014 gan aon athbhreithnithe Saoráil Faisnéise a bhí ar bun le breis agus 12 mhí a bheith idir lámha ag deireadh na bliana agus bhain mé leas, de réir mar ba ghá, as na hacmhainní a bronnadh ar Vóta na hOifige seo chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá áthas orm a rá gur éirigh leis an obair sin agus go raibh fíorbheagán cásanna Saoráil Faisnéise a bhí ar bun le breis agus aon bhliain idir lámha faoi dheireadh na bliana agus go raibh feabhas suntasach tagtha ar agaí slánúcháin na gcásanna mar thoradh ar na hathchóirithe eagrúcháin a cuireadh chun feidhme i mí an Mheithimh 2014.

Mar sin féin, feictear don Oifig seo gur minic a bhíonn tosca casta ag gabháil le hachomhairc a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil, rud a fhágann go mbíonn sé an-doiligh iad a phróiseáil go tapa; dá bhrí sin, cé gur íseal a bhíonn líon na n-achomharc a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil, is gnách go mbíonn méid díreireach acmhainní ag teastáil ina leith. Mar sin, ní bheadh OCF in ann a riaráiste a laghdú ná agaí slánúcháin na gcásanna a fheabhsú dá dtabharfadh sí tosaíocht d'achomhairc a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil freisin.

Ag an am céanna, ní dhearna mé dearmad ar an ngá atá le nós imeachta athbhreithnithe atá éifeachtach agus tráthúil a chur ar fáil faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. A luaithe a bheidh siad leabaithe, is dóigh go n-imreoidh athchóirithe eagrúcháin OCF tionchar dearfach ar phróiseáil na n-achomharc a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Chomh maith leis sin, in aighneacht buiséid a chuir sí faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain 2015, rinne an Oifig seo cás láidir ar mhaoiniúchán a fháil do OCFC a bhí bunaithe ar a raibh ag teastáil uaithi go stairiúil ar mhaithe le freastal ar a riachtanais acmhainní agus ar mhaithe le mórfheabhsuithe a bhaint amach ó thaobh soláthar seirbhísí de. Tá an-áthas orm a thuairisciú gur i mí Dheireadh Fómhair 2014 a cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leithdháileadh buiséid a léirigh na riachtanais atá ag OCFC mar a bhí sainaitheanta san aighneacht ón Oifig seo. Tá acmhainní curtha ar leataobh do OCFC den chéad uair riamh anois. Mar thoradh ar na hacmhainní sin, beidh OCFC in ann a riaráiste a laghdú agus agaí slánúcháin na gcásanna a fheabhsú faoi mar a rinne OCF.

Rannpháirtíocht dhearfach leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le comhlachtaí eile

Rud dearfach eile sa bhliain 2014 ba ea an rannpháirtíocht mhéadaithe a bhí ann idir oifigigh ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus oifigigh ón Oifig seo. Ag teacht sna sála ar an gcruinniú le RCPRÁ maidir le Cás CEI/12/0007, dar tagraíodh thuas, tionóladh cruinniú eile chun roinnt saincheistanna éagsúla a phlé, lenar áiríodh Treoirchás (réamhsháraithe) AE a thionscain an Coimisiún Eorpach mar fhreagairt do ghearán a bhain leis an dóigh a raibh an Treoir maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil á cur chun feidhme ag Éirinn. Thapaigh an Oifig seo an deis a bhí ann a cás ar son acmhainní a bhrú chun cinn agus a mholadh do RCPRÁ na táillí ar achomharc a dhéanamh chuig OCFC a laghdú ar aon dul leis an laghdú i dtáillí ar iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ag an Oifig seo faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Ba iad seo a leanas i measc na saincheistanna eile a pléadh: leasuithe féideartha ar na Rialacháin chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí amhail an mearbhall agus an t-ualach méadaithe riaracháin atá ag teacht chun cinn toisc nach bhfuil an córas rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil agus an córas Saoráil Faisnéise ar chomhréim le chéile, mar is amhlaidh i gcás na Ríochta Aontaithe agus na hAlban; easnaimh sna Rialacháin amhail an easpa forála sainráite don dualgas cruthúnais i ndáil le húdar a thabhairt le diúltú d'fhaisnéis a chur ar fáil; agus ábhair imní faoi ionchorprú airbheartaithe dhíolúintí an Achta um Shaoráil Faisnéis isteach sna Rialacháin faoi Airteagal 8(a)(iv). Chomh maith leis sin, d'aontaigh an Oifig seo páirt a ghlacadh in imeacht oiliúna maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil, rud a bhí á phleanáil ag an am lena sholáthar do bhaill foirne de chuid údarás poiblí i mí Mheán Fómhair.

Díreach tar éis an chruinnithe, thug an Oifig seo fógra foirmiúil i scríbhinn do RCPRÁ gur measadh go raibh beirt imscrúdaitheoirí ar a laghad a bhfuil taithí chuí acu ar dhlí an chomhshaoil ag teastáil chun gur féidir léi mórfeabhsuithe a bhaint amach ó thaobh soláthar seirbhísí de. Ina theannta sin, rinne an Oifig seo aighneacht mar fhreagairt don chomhairliúchán poiblí a bhí ar siúl ag an am maidir leis na forálacha um rochtain ar an gceartas de Choinbhinsiún Aarhus. Ba san aighneacht sin a pléadh arís eile le táillí achomhairc, le hacmhainní agus le hathrú reachtach.

Tá áthas orm a thuairisciú gur thacaigh Ard-Rúnaí RCPRÁ le mo chás ar son acmhainní a fháil, agus é ag scríobh go díreach chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) an 28 Samhain 2014 chun feasacht a ardú ar an gceist sin agus chun moladh do RCPA féachaint go fabhrach ar an togra foirne ó OCFC. Ina dhiaidh sin, thug RCPA cead do OCFC an 23 Nollaig 2014 dhá phost mar imscrúdaitheoir a líonadh. Tá an próiseas earcaíochta do na poist sin ar siúl agus é seo á scríobh.

Chomh maith leis sin, d'aontaigh RCPRÁ táillí achomhairc a laghdú. Dá réir sin, rinne an tAire Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil) (Leasú) 2014 (Uimh. I.R. 615 de 2014), lenar laghdaíodh an táille chaighdeánach achomhairc ó €150 go €50 le héifeacht láithreach, a shíniú mar dhlí an 19 Nollaig 2014.

Ina theannta sin, bhí freastal maith ar an imeacht oiliúna maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil a réachtáladh do bhaill foirne de chuid údarás poiblí i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, an 16 Meán Fómhair. Fuarthas aiseolas dearfach ó roinnt de na daoine a bhí i láthair freisin. Bhí an Oifig seo an-sásta cur leis an imeacht agus cuireann sí fáilte mhór roimh thionscnaimh den sórt sin atá deartha chun oiliúint agus feacht a fheabhsú i measc ball foirne de chuid údarás poiblí. Tionscnamh gaolmhar is ea an tairseach “Environlink” atá curtha ar bun ag RCPRÁ, rud trína gcuirtear ábhar oiliúna ar fáil do bhaill foirne de chuid údarás poiblí, cur i láthair a thug an Oifig seo ina measc.

Forbairt dhearfach eile, nó céim sa treo ceart ar a laghad, ba ea gur cuireadh foráil isteach san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 lena dtagraítear go sainráite do na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Foráiltear le halt 12(7)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise anois go bhféadfaidh comhlacht Saoráil Faisnéise cur in iúl do dhuine a bhfuil iarraidh á déanamh aige/aici cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar na taifid lena mbaineann a fháil faoi na Rialacháin seachas faoin Acht. Ar a laghad, ba cheart go méadófaí leis an bhforáil sin feacht ar chearta an iarrthóra faoi na Rialacháin maidir le Faisnéis faoin gComhshaoil agus d’fhéadfaidh go laghdófaí léi cuid den mhearbhall a thagann as dhá chóras um rochtain phoiblí ar fhaisnéis atá ag forluí ar a chéile agus atá ar leithligh ó chéile a bheith againn.

Chomh maith leis sin, d’fhreastail mé ar chomhdháil an-fhaisnéiseach Eorpach maidir leis an gcóras rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil an 4 Samhain. Ba é an Lárionad um Shaoráil Faisnéise i nDún Éideann, Albain, a d’eagraigh an chomhdháil agus áiríodh inti cainteanna ar Choinbhinsiún Aarhus agus an sainmhíniú atá ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. I measc na gcainteoirí a bhí i láthair, bhí Rosemary Agnew, Coimisinéir Faisnéise reatha na hAlban, an tOllamh Kevin Dunion, Coimisinéir Faisnéise roimhe na hAlban, agus acadóirí agus cleachtóirí suntasacha eile.

Ábhair imní maidir le hAirteagal 8(a)(iv)

Mar a tugadh faoi deara, ba i measc na n-ábhar a pléadh le hoifigigh ó RCPRÁ a bhí ábhair imní na hOifige seo maidir le hAirteagal 8(a)(iv) de na Rialacháin. Tagann na hábhair imní as an tagairt don Acht um Shaoráil Faisnéise i dtaca le rúndacht imeachtaí údarás poiblí a chosaint.

Ba sa bhliain 2006 ar dtús a chuir an Oifig seo a cuid ábhar imní ina leith sin in iúl i gcomhfhreagras a bhain leis na dréacht-Rialacháin a bhí i bhfeidhm ag an am. Tar éis cruinniú i dtaca le Cás CEI/12/0007 a thionól leis an Roinn i mí na Samhna 2013, lorg an Oifig seo comhairle dhlíthiúil ar an gceist maidir le cé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí a mheas go dtugtar leis an Acht um Shaoráil Faisnéise an chosaint dhlíthiúil riachtanach do rúndacht imeachtaí údarás poiblí agus maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh an chosaint sin i gcomhréir leis an Treoir i bhfianaise chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tugann an chomhairle dhlíthiúil a fuairamar le fios nach gá gur bunoscionn leis an Treoir atá sé díolúintí an Achta um Shaoráil Faisnéise a ionchorprú sa chóras rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil toisc go bhféadfaí a mheas go gciallaíonn “rúndacht dá bhforáiltear le dlí” nach

bhfuil aon cheart rochtana ag an bpobal ina leith sin. D'aontaigh ár sainchomhairleoir, áfach, nach bhfuil sé leath chomh simplí sin ach oiread.

Ag an gcruinniú le hoifigigh ó RCPRÁ i mí Lúnasa 2014 agus i gcomhfhreagras ina dhiaidh sin, thug an Oifig seo faoi deara gur ar roinnt cúiseanna éagsúla a bhaineann an-deacracht go fóill le díolúintí an Achta um Shaoráil Faisnéise a ionchorprú sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Áirítear iad seo a leanas leis na cúiseanna sin:

- Níor tugadh aon sainmhíniú soiléir ar “choincheap imeachtaí”, rud a chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh síos air mar bheart riachtanach faoin dlí náisiúnta;
- Cé gur cosúil go mbíonn sé níos coitianta i gcónaí, bíonn sé deacair ó thaobh cúrsaí riaracháin de píosa reachtaíochta amháin a chur i bhfeidhm chun tagairt do pháosa reachtaíochta ar leith;
- Má chuirtear díolúintí an Achta um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ar an mbealach sin, is dóigh go mbeidh siad faoi réir agóid dhian.

Tá sé beartaithe ag an Oifig seo a cuid ábhar imní faoi na deacrachtaí sin agus faoi dheacrachtaí eile a thagann as na Rialacháin a shaothrú i dteagmháil eile le RCPRÁ roimh i bhfad.

Right of access
to public data
a crucial tool
in democracy

Irish Examiner – 07/11/2014

Journalist describes four-year legal battle
with Nama over meaning of ‘including’

Irish Times – 20/10/2014


Commissioner says public interest
outweighs judges’ right of privacy

Concerns about
judicial safety were
‘speculative in
nature’

Irish Times – 17/10/2014

Aguisíní

Aguisíní



Aguisíní

Aguisín I

Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí agus ag Ard-Rúnaithe in 2014



OIFIG AN ARD-RUNAÍ, AN RIONN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
OFFICE OF THE SECRETARY GENERAL, DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

Ms Bernadette McNally
Director General
Office of the Information Commissioner
Lower Leeson Street
Dublin 2

21 January 2015

Dear Ms. McNally,

I wish to refer to your letter of 9 January 2015 regarding Ministerial Certificates. The Department of Justice and Equality have 7 Ministerial Certificates.

Three certificates were renewed in 2014 and one new certificate was issued. Copies are attached as requested.

Yours sincerely,

Noel Waters
Secretary General (Acting)

Aguisín I



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Baile Átha Cliath 2

Department of Foreign Affairs and Trade
Dublin 2

26 January 2015

26 JAN 2015

Ms Bernadette McNally
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

**Notification under Sections 20 and 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003 and
Section 34 of the Freedom of Information Act 2014**


Dear Ms McNally

I refer to your recent letter on the above.

I confirm that, during 2014, I did not issue any certificates under Section 20 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003.

In 2014 the Minister for Foreign Affairs and Trade did not issue any certificates under Section 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003. On 16 November 2014, the Minister issued three certificates in accordance with Section 34 of the Freedom of Information Act 2014 by reference to which the records are exempted under Section 32 (1)(a)(i) and Section 33(1)(c). The certificates related to three requests for the same set of records.

Yours sincerely


Niall Burgess
Secretary General

Aguisín II

Tuarascáil Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014

Tuarascáil Mhíosúil Fuinnimh		OOP – Oifig na nOibreacha Poiblí Oifig an Ombudsman	
Nollaig 2014			
Achoimre			
Mí go mí			
Laghdaigh úsáid fuinnimh faoi -19.1% ó 58,955kWh i mí na Nollag 2010 go 47,719kWh i mí na Nollag 2014. Mar thoradh air seo, laghdaigh astaíochta CO2 don tréimhse seo faoi -15.4% ó 19,886kg go 16,828kg, [-3,058Kg].			
Bliantúil			
Is é 2010 an bhonnblhain do na háirimh seo.			
I gcomparáid leis an mbonnbhlain seo, laghdaigh tomhaltas fuinnimh ar an suíomh faoi -100,512kWh nó -21.7% le 12 mhí anuas.			
I dtéarmaí an CO2 iomlán, le haghaidh táirgeacht faoi -19.7%, ó 2010 nó faoi -40,650Kg.			
Agus é normalaithe le haghaidh athruithe san aimsir, laghdaigh CO2 faoi -15.3%, ó 2010 nó faoi -31,590Kg			
Úsáid fuinnimh Nollaig 2014			
Úsáid bhliantúlaithe fuinnimh			
Cur Síos	Leictreachas	Gás	Iomlán
Bliain Tagarmhairc	284,062	179,086	463,148
An 12 mhí roimhe	232,449	130,187	362,636
% Difríocht	-18.2%	-27.3%	-21.7%